

# Tuarascáil Bhliantúil OT Baile Átha Cliath 2022

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH

TU DUBLIN

TECHNOLOGICAL UNIVERSITY DUBLIN




# Clár an Ábhair


Teachtaireacht Fáilte ón Uachtarán 5

Achoimre Fheidhmeach 6

Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath – Príomhfhíricí ⁊ Figiúirí 8

Rún Straitéiseach 2030 - Domhan Níos Fearr á Chruthú le Chéile 10

## 1 Daoine

1.1 Ag Cothú Meonta Éirimiúla, Cruthaitheachta ⁊ Uaillmhéine 14

1.2 Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine 20

1.3 Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht ⁊ don Inspioráid 24

1.4 An Dúil a bheith Rathúil á Cur Chun Cinn 28

1.5 Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí 30

## 2 Domhan

2.1 Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht 36

2.2 Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú 42

2.3 Dul i nGleic le Dúshláin Dhomhanda 44

## 3 Comhpháirtíocht

3.1 Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte don Domhan 50

3.2 Líonra Dlúth 58

3.3 A bheith Domhanda 62

3.4 Éifeachtacht Eagraíochtúil 64

4. Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta na hInstitiúide 67

5. Ráiteas Comhionannais, Éagsúlachta ⁊ Ionchuimsithe 69

6. Ráiteas Inbhuanaitheachta 71

7. Rialachas 75

7.1 An Comhlacht Rialaithe 75

7.2 An Chomhairle Acadúil 78

7.3 Ráitis Airgeadais 80



# Teachtaireacht Fáilte ón Uachtarán



Tar éis beagnach dhá bhliain de chur isteach, d'fhill an saol in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) ar an ngnáthshaol roimh an bpaindéim in 2022, agus bhain ár gcuid mac léinn taitneamh as taithí iomlán ollscoile arís nuair a athbheodh ár gcuid campas le gníomhaíochtaí acadúla, spóirt agus sóisialta. Mar ollscoil óg, bhí 2022 bliain eile flúirseach le himeachtaí cloch mhíle agus éachtaí a bhí ar bhonn aonair iontach ach le chéile dochreidte, agus tá áthas orm ár gcuid éachtaí comhchoiteanna a roinnt libh i dTuarascáil Bhliantúil na hOllscoile.

In 2022, d'fhoilsigh an Ollscoil struchtúr acadúil nua a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag ár samhail oideachais cheannródaíoch, ag tacú le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta agus ag cruthú sineirgí nua idir gcuid disciplíní éagsúla. Tá na cúig Dhámh nua de:- na hEalaíona ⁊ Daonnachtaí; Gnó; Ríomhaireacht, Digiteach ⁊ Sonraí; Innealtóireacht ⁊ Timpeallacht Thógtha, agus Eolaíochtaí ⁊ Sláinte, ag tógáil ar oidhreacht éagsúlachta i soláthar printíseachta, fochéime agus iarchéime. In éineacht lenár n-éiteas praiticiúil teagaisc agus foghlama, tá béim athnuaite ag OT Baile Átha Cliath ar chuir chuige a chuirfidh ar chumas ár gcuid mac léinn iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe a bheidh rompu ar feadh a saoil oibre.

Aithnítear inár réigiún an tábhacht a bhaineann le tallann agus nuálaíocht agus tá siad ríthábhachtach ó thaobh fás eacnamaíoch inbhuanaithe de, agus tá comhoibriú leis an tionscal lárnach dár misean mar ollscoil. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do rannpháirtíocht le fiontraíocht a dhoimhniú chun conairí foghlama cruthaitheacha solúbtha a fhorbairt d'fhostaithe atá ann cheana le linn a ngairmréime. Chuige sin, sheol an Ollscoil Acadamh Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath in 2022 chun réitigh forbartha tallainne solúbtha is creidiúnaithe a éascú lenár gcuid comhpháirtithe tionscail agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

Cé go bhfuil géarchéim COVID-19 taobh thiar dínn den chuid is mó, táimid ag tabhairt aghaidh ar thionchar tubaisteach an Athraithe Aeráide ar ár ndomhan agus ar ár ndaoine ó lá go lá. Aithníonn OT Baile Átha Cliath an phráinn mhéadaitheach agus an iarraidh chun gnímh do na tíortha forbartha uile chun athrú suntasach a chur i bhfeidhm agus réitigh fhadtéarmacha a thabhairt chun cinn. Agus sin á dhéanamh againn, tá rún daingean againn féin a bheith neodrach ó thaobh carbóin de ar fud ár gcuid oibríochtaí, agus Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide á fhorbairt againn chun cur ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na spriocanna dúshlánacha atá ag teastáil.

Agus críoch ag teacht le bliain eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid mac léinn agus foirne as a gcuid oibre crua agus iarrachtaí iontacha chun ár Rún Straitéiseach a chur chun cinn go dtí 2030, agus táimid an-bhuíoch dár gcuid alumni, deontóirí, comhpháirtithe agus baill eile den phobal i gcoitinne atá ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú go mór inár gcuid taighde agus oideachas.

David FitzPatrick




Uachtarán

# Achoimre Fheidhmeach

Tá athrú as cuimse tagtha ar an timpeallacht eacnamaíoch agus oideachais, ach ní raibh baint níos mó ná riamh le misean OT Baile Átha Cliath teagasc agus foghlaim atá bunaithe ar thaighde a chur ar fáil trí chleachtas, timpeallacht obairbhunaithe ar fud gach leibhéal ardoideachais. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh atá ar fhostaithe scileanna ábhartha ardleibhéil a bheith acu agus tá an gá atá le cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil a ghlacadh chucu féin ríthábhachtach chun freagairt don mhargadh saothair agus do na dúshláin shochaíocha atá os ár gcomhair.

Tá OT Baile Átha Cliath ar cheann de na hollscoileanna is mó in Éirinn, agus oideachas á chur ar os cionn 29,000 mac léinn in 2022. Tá an fhís atá againn 'Domhan Níos Fearr a Chruthú, Le Chéile' á baint amach trínár rún deich mbliana uaillmhianach Rún Straitéiseach OT Baile Átha Cliath. Léirítear sa tuarascáil seo ar a bhfuil bainte amach ag an Ollscoil le linn 2022.

## Daoine



- Cuireann OT Baile Átha Cliath deiseanna oideachais ar fáil a ***Chothaíonn Meonta Éirimiúla, Cruthaitheacht agus Uaillmhian***. Tacaíonn tionscadail ar nós Convene, GROWTHhub agus Cyber Skills le claochlú curaclaim, a forbraíodh i ndlúthchomhar leis an tionscal agus le comhpháirtithe eile chun na tréithe agus na cumais a theastaíonn ónár gcéimithe a chothú.

- Le linn ***Cosáin Oideachais a chruthú do Gach Duine*** chun taithí a fháil ar OT Baile Átha Cliath, cuirtear iliomad pointí iontrála agus solúbthacht ar fáil maidir le struchtúr, modh agus áit seachadta. Cuireann sé cláir ar fáil i ngach disciplín agus ag gach leibhéal. Is é an soláthraí oideachais ETIM is mó sa tír é; is é an soláthraí oideachais pháirtaimseartha is mó a fhreastalaíonn ar bhreis agus 40% d'fhoghlaimeoirí i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus ceannaire ó thaobh na printíseachta de agus 'rannpháirtíocht a fhairsingiú'.

- Is dlúthchuid é Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) le ***hÁit a Chruthú don tSamhlaíocht agus Inspioráid*** agus ba gharspriocanna suntasacha iad baint amach dámhachtainí cré-umha Athena SWAN in 2022.

Mar gheall ar an aistear spreagúil chun ceann de na forbairtí bonneagair is mó in Éirinn a thógáil san Ardoideachas, cuireadh áiseanna úrscothacha ar fáil san Fhoirgneamh Eolaíochta Spórt, Sláinte agus Áineasa ar champas Thamhlachta in 2022. Cuireadh tús le hoibreacha tógála le casadh an fhóid don Mhol Acadúil i nGráinseach Ghormáin

- Faoin ***Dúil a bheith Rathúil á Cur chun Cinn***, tá athstruchtúrú agus ceapadh róil nua déanta ag OT Baile Átha Cliath chun tallann a threisiú agus chun tacú leis an Ollscoil a huaillmhianta a bhaint amach. Táimid gníomhach ag mealladh, ag coinneáil agus ag tacú lenár bhfoireann éagsúil chumasach saothrú leo go barr a gcumais.

- ***Ár nAmbasadóirí a Cheiliúradh*** - bhí OT Baile Átha Cliath bródúil gur bhain os cionn 7,500 mac léinn céim amach i láthair go pearsants ón rang 2022, agus cuireadh fáilte roimh na cohóirt ó 2020 agus 2021 chuig an gcampas chun aitheantas a thabhairt dá gcuid éachtaí.

## Domhan

- Dhaingnigh OT Baile Átha Cliath a Ráiteas Inbhuanaitheachta in 2022, rud a threoraigh an Ollscoil a bheith ina ***hEiseamláir don Inbhuanaitheacht***. Bhí campas Thamhlachta nasctha leis an gcéad chóras téimh ceantair foinsithe ísealcharbóin in Éirinn, agus léirigh oibreacha taiscéalaíocha mar chuid den chéad tionscadal tollphoill gheoiteirmigh de chuid na hÉireann ar champas Ghráinseach Ghormáin acmhainneacht ollmhór freisin.



Léiríodh iarrachtaí inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath i Ranguithe Tionchair 2022, áit ar rangaíodh an Ollscoil sa 100 ollscoil is fearr ar fud an domhain i dtrí chatagóir SFI.

- Sna hiarrachtaí chun ***Saoránaigh Fhreagracha Dhomhanda a Chruthú***, tá sé mar aidhm ag an tionscadal Curaclaim Dearaidh Athléimnigh oideachasóirí ailtireachta a uas-sciliú san éifeachtúlacht fuinnimh, agus ag an am céanna, úsáidtear Sulitest (uirlis litearthachta ar líne) chun litearthacht inbhuanaitheachta ár gcuid mac léinn a phróifíliú agus cuirfidh sé bonn eolais faoi fhorbairtí sa spás amach anseo.

- D'fhonn ***Dul i nGleic le Dúshláin Dhomhanda***, tá OT Baile Átha Cliath ag cothú taighde ildisciplíneach. Cuireann ár saineolas, chomh maith le háiseanna úrscothacha go mór le heolas nua agus le réitigh a sheachadadh a chruthaíonn fíorthionchar. Áirítear mar shamplaí — Plasma PLUS, a úsáideann teicneolaíocht chun cóireálacha ailse a fheabhsú; agus MARL, saotharlann taighde soghluaiste a thomhaiseann cáilíocht an aeir.

## Comhpháirtíocht



- Tá rath leanúnach ar OT Baile Átha Cliath ó thaobh chur chun cinn na ***hEolaíochta Oscailte***. Bhí beagnach milliún íosluchtú ag stór na hOllscoile, Arrow, in 2022. Tá Preas Acadúil EUt+ lonnaithe ar Arrow anois, a seoladh i mí Iúil 2022 agus a bhfuil réimse teideal foilsithe aige cheana féin.

- Rinne an Ollscoil ceiliúradh ar 15 bliana de ***Nuálaíocht Oscailte*** in 2022. Le linn na tréimhse, seoladh 44 chomhlacht a d'eascair ón Ollscoil; rinneadh meantóireacht freisin ar bhreis agus 150 bunaitheoir uaillmhianach luathchéime a raibh smaointe gnó nuálacha acu tríd an gclár New Frontiers; agus bhailigh iarchéimithe agus bunaitheoirí reatha beagnach €20M in 2022.

- Inár ***Líonra Dlúth***, tá tionscadail shuntasacha OT Baile Átha Cliath i gcomhar le hinstitiúidí tionscail, pobail agus acadúla ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin náisiúnta atá le dul i ngleic leo. In 2022, áiríodh leo sin cláir chomhchruthaithe lena dtugtar aghaidh ar chláir oibre an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

- Tá ***a Bheith Domhanda*** lárnach dár gcuid gníomhaíochtaí agus comhoibríonn OT Baile Átha Cliath go gníomhach le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta. Baineann an raon clár céime comhpháirteach/dé-chéime/ilchéime le 21 ollscoil dhomhanda san Eoraip agus san Áise. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht EUt+ le seacht n-ollscoil teicneolaíochta Eorpacha eile cáilíocht agus iomaíochas an ardoideachais Eorpaigh a athrú ó bhonn.

- Is príomhchumasóir í an ***Éifeachtacht Eagraíochtúil*** chun tacú leis an Ollscoil a huaillmhianta a bhaint amach. Is mórthionscnamh é an tionscadal Dearadh Eagraíochta chun struchtúr eagraíochta nua a bhunú, agus in 2022, d'aistrigh OT Baile Átha Cliath go dtí a struchtúr nua Dáimhe, Scoile agus Seirbhísí Gairmiúla.

Léirítear i gCuid 4 den tuarascáil an chéad athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe de chuid OT Baile Átha Cliath (athbhreithniú CINNTE). Mhol painéal na saineolaithe idirnáisiúnta an Ollscoil as a dul chun cinn ó bunaíodh í, ag tabhairt faoi deara na próisis láidre atá i bhfeidhm chun cáilíocht ghradaim na hOllscoile agus ár gcéimithe a chinntiú.

Sna rannóga deiridh cuirtear Ráiteas na hOllscoile um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú agus an Ráiteas Inbhuanaitheachta ar fáil. Cuirtear sonraí faoi bhallraíocht iomlán agus faoi choistí an Chomhlachta Rialaithe ar fáil, agus ballraíocht na Comhairle Acadúil. D'ullmhaigh an Ollscoil a tríú sraith de Ráitis Airgeadais Iniúchóireachta don tréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2021 — cuirtear nasc chuig na ráitis iomlána ar fáil.

# Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath

## - Príomhfhíricí 7 Figiúirí

**3**
champas

**8**
míle céimí
sa bhliain

**29+**
míle mac léinn

**7**
míle mac léinn
páirtaimseartha

**1:16**
cóimheas
foirne:mac léinn

**3+**
mhíle mac léinn
idirnáisiúnta ó 100 tír

**1,000+**
mac léinn ag obair le
heagraíochtaí pobail

**ETIM**
**17%**
den soláthar náisiúnta

**Gnó**
**14%**
den soláthar náisiúnta

**Seirbhísí**
**20%**
den soláthar náisiúnta

**Printíseachtaí**
**Ceardaíochta 20%**
den soláthar náisiúnta

**26%**
d'iontrálaithe nua fochéime
via **bealaí rochtana**

**Breisoideachas**
**20%**
d'iarratais náisiúnta

**Foireann a bhfuil Duaiseanna bainte amach acu**

**Dámhachtain Chré-umha Athena SWAN**

**+38%**
luach dámhachtana
taighde
(le trí bliana anuas)

**11,000+**
sliocht
(le trí bliana anuas)

**+12Mhilliún**
íoslódáil taighde
le rochtain oscailte
arrow@TUDublin

**Réimse Staidéir**

| | |
|---|---|
| GNÓ | 26% |
| INNEALTÓIREACHT | 23% |
| EOLAÍOCHT NÁDÚRTHA | 12% |
| TFC | 10% |
| EALAÍN 7 DAONNACHTAÍ | 9% |
| SEIRBHÍSÍ | 8% |
| SLÁINTE 7 LEAS | 7% |
| EOLAÍOCHT SHÓISIALTA | 2% |
| OIDEACHAS | 1% |
| CINEÁLACH | 1% |
| TALMHAÍOCHT | .1% |

**1,000+**
comhoibriú
acadúil

**800+**
comhoibriú
le tionscal

**Gníomhaíochtaí Aistrithe Teicneolaíochta a bhfuil Duaiseanna bainte amach acu**

**7,000m²**
de spás
cothaithe

**100+**
gnólacht
nuathionscanta
gach bliain
(éascaithe ar campas)

**200**
fiontraí gach bliain
(ar chláir fiontraíochta
OT Baile Átha Cliath)

# Rún Straitéiseach 2030
## - Domhan Níos Fearr á Chruthú le Chéile

Leagann Rún Straitéiseach OT Baile Átha Cliath 2030 uaillmhianta na hOllscoile amach don deich mbliana amach anseo. Ceapadh é trí lionsa Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta (SFIanna) na Náisiún Aontaithe, ina bhfuil an phríomhsprioc 'Oideachas ar Ardchaighdeán' mar bhonn taca leis. Is í an fhís atá againn ná 'Domhan Níos Fearr á Chruthú le Chéile' le tacaíocht ó thrí cholún, **Daoine**, **an Domhan** agus **an Chomhpháirtíocht**.

Tá na réimsí Tosaíochta a shainaithnítear faoi gach Colún ar fáil thíos. Cé go raibh tionchar mór ag COVID-19 ar an gcéad chéim dár dturas straitéiseach, d'fhill OT Baile Átha Cliath ar ghnáthshaol nua in 2022 agus baineadh amach garspriocanna suntasacha, a bhfuil a sonraí san áireamh sna caibidlí ina dhiaidh seo.



**DAOINE**
Cothófar Tallann Aonair i nDomhan atá ag Athrú an tAm ar Fad



**DOMHAN**
Beifear mar Eiseamláir ó thaobh na hInbhuanaitheachta Beatha 7 Análaithe



**COMHPHÁIRTÍOCHT**
Déanfar Tionchar Comhroinnte a Sheachadadh

- **Daoine:** Tá spás agus cultúr á gcruthú ag OT Baile Átha Cliath inar féidir le daoine smaointe agus caidrimh a chothú. Táimid tiomanta do dheiseanna oideachais claochlaitheacha a chruthú a thacaíonn le daoine aonair barr a gcumais a bhaint amach.
- **Domhan:** Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath bealaí nua, níos cothroime oibre agus maireachtála a aimsiú a chosnaíonn ár ndomhan do na glúnta atá le teacht, ag obair le páirtithe leasmhara chun roinnt de na saincheisteanna is práinní ar domhan a réiteach.
- **Comhpháirtíocht:** Tógann OT Baile Átha Cliath daoine le chéile chun deiseanna nua a aimsiú trí smaointe a nascadh agus trí inniúlachtaí a roinnt. Tuigimid go réitítear fadhbanna casta an lae inniu le chéile.

| DAOINE | DOMHAN | COMHPHÁIRTÍOCHT |
| --- | --- | --- |
| ✔ Ag Cothú Meonta Éirimiúla, Cruthaitheachta 7 Uaillmhéine | ✔ Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht | ✔ Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte don Domhan |
| ✔ Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine | ✔ Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú | ✔ Líonra Dlúth |
| ✔ Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht agus don Inspioráid | ✔ Dul i nGleic le Dúshláin Dhomhanda | ✔ A Bheith Domhanda |
| ✔ An Dúil a bheith Rathúil á Cur Chun Cinn | | ✔ Éifeachtacht Eagraíochtúil |
| ✔ Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí | | |



## An Uaillmhian Againn

Cothóimid buanna aonair i ndomhan atá ag síorathrú ag spreagadh samhlaíochta mac léinn, ball foirne agus comhpháirtithe, ag tacú le daoine chun iniúchadh a dhéanamh ar a gcumas agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

# Daoine

**Sa bhliain 2022...**

### Ag Cothú Meonta Éirimiúla, Cruthaitheachta 7 Uaillmhéine

- rinneadh seachadadh ar oideachas bunaithe ar chleachtas, tionscal-threoraithe le taithí fíor-domhan ar mhaithe le mic léinn a ullmhú chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach

### Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine

- oideachas curtha ar bhreis is 29,000 mac léinn i gceann de na hollscoileanna is mó in Éirinn ó leibhéal printíseachta go PhD

### Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht agus don Inspioráid

- Dámhachtainí Cré-Umha Athena SWAN bainte amach le haghaidh comhionannas inscne
- seachadadh déanta ar áiseanna nua úrscothacha 100,000m2 laistigh dá mháistirphlean suas go dtí 2022

### An Dúil a bheith Rathúil á Cur Chun Cinn

- Seachadadh déanta ar bhreis is 150 tionscnamh oiliúna foirne
- » Thacaigh OT Baile Átha Cliath le breis agus 130 ball foirne ó thaobh an bhreisoideachais de

### Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí

- céim bainte amach ag níos mó ná 7,500 mac léinn

# 1.1 DAOINE
# Ag Cothú Meonta Éirimiúla, Cruthaitheachta ⁊ Uaillmhéine

> **“Táimid tiomanta do shamhail oideachais atá bunaithe ar thaighde agus ar chleachtas, a fhorbraíonn na tréithe agus na cumais a bheidh gá leo amárach, inniu”**

Tá an tírdhreach ina mbímid ag obair, ag maireachtáil agus ag sóisialú ag athrú as cuimse le luas tapa na forbartha teicneolaíochta. Táimid tiomanta do dheiseanna oideachais claochlaitheacha a chruthú a thacaíonn le daoine aonair barr a gcumais a bhaint amach. Tríd an gcur chuige seo a ghlacadh, táimid ag cur oideachas ar dhaoine a bheidh in ann dul i ngleic go muiníneach leis na dúshláin a bhfuil an domhan ag tabhairt aghaidhe orthu ar bhealaí cruthaitheacha cothromaithe.

## Claochlú Digiteach sa Teagasc agus Foghlaim

Bhí forbairt scileanna digiteacha mar thosaíocht ag OT Baile Átha Cliath in 2022. Tá an t-oideachas digiteach anois mar ghné lárnach dár straitéis foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Tá sé seo ag teacht le Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[1] ag an gCoimisiún Eorpach a leagann béim ar an ngá ‘nach mór dúinn an t-oideachas agus oiliúint don ré dhigiteach a athshocrú’.

Le maoiniú a fuarthas ón bhFóram Náisiúnta le Feabhas a chur ar an Ardoideachas, don tionscadal Ailíniú Straitéiseach um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (SATLE), chuaigh OT Baile Átha Cliath i mbun tionscadal píolótach, Uirlis Fionnachtana JISC, a chabhraigh le láidreachtaí agus réimsí a d’fhéadfaí a fhorbairt faoi láthair a aithint i measc na foirne agus mac léinn.

Tá an obair seo tar éis tacú le forbairt Phlean Oideachais Dhigitigh na hOllscoile 2022-2030, a seoladh ag deireadh 2022 in éindí le sraith tionscnamh, lena n-áirítear an fhorbairt a rinneadh ar mhol foghlama scileanna digiteacha. Is bunachar sonraí inchuardaithe é seo ina bhfuil réimse leathan acmhainní eolais ar scileanna digiteacha (cúrsaí ar líne saor in aisce, treoracha, seimineáir ghréasáin agus físeáin). Tá ábhar cruthaithe ag OT Baile Átha Cliath ann agus acmhainní seachtracha a roghnaíodh go speisialta chun tacú le baill foirne borradh a chur faoin aistriú chuig ollscoil teicneolaíochta dhigiteach nua-aimseartha. Tacaíodh le baill foirne agus mic léinn chomh maith trí rochtain a chur ar fáil do LinkedIn Learning.



1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027

## Curaclam Oiriúnach don Ré Dhigiteach

Is tosaíocht eacnamaíochta náisiúnta é aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna TFC chun rath na hÉireann mar mhol teicneolaíochta domhanda[2] a chinntiú. Mar gheall ar luas an athraithe laistigh den earnáil, tá ríthábhacht ag baint leis an bhfoghlaim leanúnach agus an t-uas-sciliú le bheith chun tosaigh. In 2022, d’fhorbair OT Baile Átha Cliath roinnt clár nua chun tacú leis an gclár oibre digiteach, lena n-áirítear MSc sa Ríomhaireacht in Intleacht Shaorga Dhaonlárnach agus BSc sa Néalríomhaireacht Fiontraíochta.

Ar mhaithe le hacmhainn a fhorbairt san oideachas cibearshlándála, chuaigh OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht freisin le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) ar chomhthionscadal arna mhaoiniú ag an ÚAO, ar a dtugtar CYBER SKILLS. Ag tabhairt tionscal agus saineolaithe acadúla le chéile, thacaigh an tionscadal CYBER SKILLS le cúrsaí nua agus conairí foghlama nua a fhorbairt, ag bronnadh micridhintiúir ar réimsí na bainistíochta, rialála agus rialachais cibearshlándála. Mar thoradh ar na réimsí fiontraíochta agus an luchta acadúil a tharraingt le chéile ar bhealach níos dlúithe, tá an tionscadal tar éis cuidiú le hábhar nuálach a fhorbairt ar chláir atá ann cheana ag OT Baile Átha Cliath, mar shampla an BSc i bhFóiréinsic Dhigiteach agus Cibearshlándáil, agus an MSc sa Ríomhaireacht sa Chibearshlándáil Fheidhmeach.

## Rannpháirtíocht Ollscoile-Fiontraíochta

Le linn 2022, bhí OT Baile Átha Cliath i mbun rannpháirtíochta le tionscail chun mórthionscadail oideachais a chur chun cinn. Le tacaíocht ó mhaoiniú náisiúnta, chomhoibrigh Convene agus GROWTHhub go dlúth idir an saol acadúil agus an réimse fiontraíochta ó thaobh dhearadh agus sheachadadh cláir oideachais a chomhlíonann riachtanais na sochaí, na heacnamaíochta agus foghlaimeoirí.

Tá an tionscadal Convene i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus á mhaoiniú faoi Cholún 3 de Thionscnamh Caipitil Dhaonna an ÚAO, deartha chun ‘rannpháirtíocht ollscoile-fiontraíochta a athrú ó bhonn d’éiceachóras nua comhfhoghlama i mBaile Átha Cliath’. Tá an tionscadal eagraithe thart timpeall ar sheacht n-earnáil mhóra fostaíochta — TFC/Teicneolaíocht Airgeadais, Turasóireacht, Bia ⁊ Deoch, Cruthaitheach ⁊ Cultúrtha, Fiontraíocht Shóisialta, Teicneolaíocht Leighis agus Cógaisíocht. Tá sé mar aidhm aige na scileanna agus an nuálaíocht atá ag teastáil a chur ar fáil chun fiontraíocht Éireannach a atógáil ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus seasmhacht tar éis COVID. Le linn 2022, sheol OT Baile Átha Cliath an tAcadamh Fiontraíochta aici, a oibríonn go dlúth le tionscal i gcomhchruthú curaclaim.

Chuaigh OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt freisin (OTO), ar GROWTHhub – comhoibriú deartha chun tacú le forbairt dearcaidh fiontraíochta agus meon fáis i measc mac léinn ag gach leibhéal (printíseacht go PhD), chun dul i bhfeidhm ar an bhfiontraíocht agus ar an tsochaí. Cuimsíonn an tionscadal cineálacha éagsúla fiontraíochta, lena n-áirítear infhontraíocht, fiontraíocht shóisialta, fiontraíocht ghlas agus fiontraíocht dhigiteach. In 2022, bhronn GROWTHhub maoiniú ar 12 sparánacht nua i raon réimsí inár áiríodh seasmhacht fiontraíochta, fiontraíocht ghlas, agus cás-staidéir fiontraíochta. Dearadh an tionscnamh Sparánacht Oideachais Fiontraíochta GROWTHhub chun tacú le dámha cuir chuige oideolaíocha nuálacha a fhorbairt maidir le raon d’inniúlachtaí fiontraíochta.

Mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin agus coimhlintí eile ag tarlú le déanaí, tá tionchar tubaisteach le tabhairt faoi deara ar phobail easáitithe. Le tacaíocht a thabhairt d’imircigh ar mian leo tús a chur lena ngnó féin, d’fhorbair OT Baile Átha Cliath cúrsa nua ar líne, Fiontraíocht d’Imircigh, do Dhídeanaithe agus d’Iarrthóirí Tearmainn. Tá an clár seo ar Leibhéal 6, a mhaireann ceithre seachtaine, i gcomhpháirt le Open Doors, fiontar sóisialta a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh oideachais, oiliúna agus fostaíochta do roinnt de na baill is imeallaithe inár sochaí. I réimse na hinbhuanaitheachta, dearadh an Teastas Iarchéime in Oibríochtaí Gnó Bia Inbhuanaithe chun scileanna iarchéime a chur chun cinn ó thaobh cleachtais ghnó inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.



2 Scileanna Teicneolaíochta 2022 – an Tríú Plean Gníomhaíochta ó thaobh Scileanna TFC de in Éirinn

## Ag Tacú le Barrfheabhas Acadúil 7 Uaillmhian

Tá tionchar suntasach ag scoláireachtaí, dámhachtainí agus sparánachtaí ar shaol mac léinn. Tugann siad aitheantas do mhic léinn as a gcuid oibre crua agus dúthrachta, ag cur ar a gcumas díriú ar shármhaitheas a bhaint amach ina réimse féin. In 2022, bronnadh €207,000 san iomlán ar 135 mac léinn.

## - Scoláireachtaí in ETIM

Tá líon na mban rannpháirteach in ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) ag titim ar gcúl i gcónaí go náisiúnta, gan ach an ceathrú cuid den lucht saothair in Éirinn mar mhná[3]. Tá na Scoláireachtaí Huawei Tech4her agus Scoláireachtaí Marco Women in Engineering tiomanta do mhná a spreagadh isteach i réimsí na teicneolaíochta agus innealtóireachta faoi seach. Bronnadh naoi scoláireacht in 2022.

Rinneadh ceiliúradh ar an gcúigiú bliain de scoláireachtaí Intel in 2022. Bronnadh scoláireachtaí ar sheachtar faighteoirí, triúr acu a bhí baineann. Rinneadh iniúchadh ar eispéiris na mban i ndisciplíní ina bhfuil forlámhas ag fir ag an searmanas bronnta agus conas is féidir le heagraíochtaí tacaíocht níos fearr a thabhairt do mhná i réimsí ETIM. Soláthraíonn an scoláireacht tacaíocht airgeadais, meantóireacht, rochtain le caidreamh tionsclaíoch láidir a thógáil láidir chomh maith le deiseanna fostaíochta in Intel tar éis céim a bhaint amach.



Sally Al Mashadani, dámhachtaí scoláireachta Intel, ag labhairt ag Searmanas Gradam Scoláireachtaí Intel

3 Moltaí ar Chothromaíocht Inscne san Oideachas ETIM

## - Scoláireachtaí Spórt

I mí na Samhna 2022, fógraíodh na Scoláirí Spórt. Bhronn OT Baile Átha Cliath áit ar 79 lúthchleasaí mac léinn freastal ar Chlár Spórt na hOllscoile do Lúthchleasaithe 2022-23. Tá lúthchleasaithe mac léinn – a dhéanann ionadaíocht ar réimse leathan spórt, ó rugbaí, sacar agus cluichí Gaelacha go badmantan, rothaíocht agus para-snámha – ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach ina spórt agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ar ardán idirnáisiúnta. Beidh ról tábhachtach ag an bhforbairt a dhéanfar ar áis nua spórt ar champas Thamhlachta maidir le tacaíocht a thabhairt do na lúthchleasaithe sin.



Scoláire Spórt Caoimhe May agus an Cláraitheoir Dr Mary Meaney




Buann Paul Kennedy Gradam Réalta Teacht Chun Cinn an RIAI

# 2022 Samplaí d'obair na Mac Léinn

Bhí an bua ag mic léinn OT Baile Átha Cliath ag cluichí ceannais ENFUSE, tionscnamh Oifige Fiontair Áitiúil. Mar chuid dá gclár máistreachta, chruthaigh na mic léinn plean saincheaptha le haghaidh fiontar áitiúil i mBaile Átha Cliath chun cabhrú leis an eagraíocht a bheith nuálaíoch. Cuireadh gach plean i láthair moltóirí atá ina saineolaithe sa tionscal. Ainmneofar an fhoireann a tháinig sa chéad áit ar an trófaí ENFUSE a coimisiúnaíodh go speisialta, a bheidh á óstáil ag OT Baile Átha Cliath don bhliain amach romhainn.




Bua ag mic léinn OT Baile Átha Cliath ag cluichí ceannais ENFUSE

Bronnadh Duais Teicneora Leibhéal 7 ar Ciarán Brennan ag searmanas duaiseanna Institiúid na nInnealtóirí Struchtúr. Bronntar na dámhachtainí le haitheantas a thabhairt do bharrfheabhas san innealtóireacht struchtúr.




Duais bronnta ar Ciarán Brennan ag Institiúid na nInnealtóirí Struchtúr.

Bhuaigh Paul Kennedy Gradam Réalta Teacht Chun Cinn an RIAI sa Teicneolaíocht Ailtireachta. Tugann an dámhachtain aitheantas do mhac léinn ar leith sa tríú bliain ag déanamh staidéar ar an Teicneolaíocht Ailtireachta a léiríonn barrfheabhas acadúil agus dúthracht i réimse na Teicneolaíochta Ailtireachta i gcomhthéacs náisiúnta an oideachais a chuirtear ar theicneolaithe ailtireachta.




Buann mic léinn Ealaíon Cócaireachta OT Baile Átha Cliath comórtas Dairy Chef

Bhuaigh mac léinn Ealaíon Cócaireachta OT Baile Átha Cliath, Christopher Buckley agus Hugo Blondet ó L'École des Métiers, Dijon, an Fhrainc sraith a dó ag an 3ú comórtas bliantúil Dairy Chef. Eagraíonn Ambasáid na Fraince in Éirinn é, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Déiríochta.

Yosef Phelan, buaiteoir Gradam Iarchéime an IDI don Chumarsáid Amhairc



Bronnadh dámhachtainí ar chéimithe OT Baile Átha Cliath do thrí thionscadal agus moladh 9 dtionscadal ag na gradaim ag Institute Designers Ireland, a aithníonn dearadh sármhaith agus nuálach ag dearthóirí nua.

Bhuaigh mac léinn ceathrú bliana, Yvonne Lleogben, BSc Bainistíocht Fáilteachais Idirnáisiúnta, an chéad duais ag Gradaim Tráchtais ATLAS. Thug taighde Yvonne aghaidh ar phríomhfhactóirí a bhíonn tionchar acu ar earnáil na n-óstán in Éirinn.




Buann Yvonne Lleogben Gradam Tráchtais ATLAS

# 1.2 DAOINE
## Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine

> **“Táimid tiomanta do dheiseanna oideachais ar feadh an tsaoil a chur ar fáil ag gach leibhéal”**

Tá OT Baile Átha Cliath fós ar cheann de na soláthraithe ardoideachais is mó in Éirinn. Soláthraíonn an Ollscoil iliomad pointí iontrála agus conairí dul chun cinn agus cuirtear solúbthacht ar fáil ó thaobh struchtúir, modha agus áit seachadta a oireann do thírdhreach áitiúil agus domhanda. In 2021/22, bhí an rollú iomlán go dtí an Ollscoil níos mó ná 29,000 (Figiúr 1) in 2021/22 ar fud gach campais, disciplíní agus leibhéil — CNC Leibhéal 6 go 10.

*Figiúr 1: Rolluithe Mac Léinn ag Institiúidí Ardoideachais go Náisiúnta 2021/22*




**Ní áirítear FETAC, Thar Lear, Malartú Isteach 7 Ceol Sóisearach sna sonraí náisiúnta ó Institiúidí Ardoideachais*

## Is é OT Baile Átha Cliath an soláthraí is mó de...


### Gnó



### Innealtóireacht



### TFC




I gcomhréir le próifíl de chuid ollscoil teicneolaíochta, tá ról suntasach ag na réimsí ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) san Ollscoil. Is ionann iad agus beagnach leath de rolluithe OT Baile Átha Cliath. Tá geilleagair eolasbhunaithe cosúil le hÉirinn ag brath go háirithe ar shaineolas ETIM chun an geilleagar agus rathúnas amach anseo a chur chun[4] cinn . Is í OT Baile Átha Cliath an soláthraí is mó ó thaobh oideachas tríú leibhéal san Innealtóireacht agus TFC in Éirinn. Bronntar céimeanna ar níos mó ná 3,000 mac léinn sna réimsí ETIM gach bliain. Tá fás tagtha ar líon na rolluithe ar fud gach réimse staidéir ag Leibhéal 8 san Ollscoil ón ainmniú in 2019. Bhí an leibhéal fáis is airde ag OT Baile Átha Cliath go náisiúnta i réimse an Ghnó in 2021/22. Is é oideachas gnó an réimse staidéir is mó a bhfuil tóir air do mhic léinn tríú leibhéal go náisiúnta.

Tá láithreacht láidir ag OT Baile Átha Cliath freisin sna hEalaíona Cruthaitheacha, Ceol 7 Taibhealaíona, ag cur oideachas ar bheagnach 40% de mhic léinn Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus ó thaobh Seirbhísí, cuireann OT Baile Átha Cliath 84% den soláthar i Réigiún Bhaile Átha Cliath ar fáil.

## Cosáin Dul Chun Cinn

Tá sé mar shainchúram tábhachtach ag OT Baile Átha Cliath tacaíocht a thabhairt ó thaobh na rochtana agus dul chun cinn de, lena n-áirítear trí chláir Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 agus printíseachtaí[5]. Tá beagnach aon chúigiú de na rolluithe náisiúnta ag Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 ag OT Baile Átha Cliath. Soláthraíonn na cláir seo deiseanna rochtana ríthábhachtacha d’fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear foghlaimeoirí ag tabhairt faoin oideachas foirmeálta arís. Tá ról lárnach ag an Ollscoil maidir le rochtain agus dul chun cinn a éascú, go háirithe trína caidrimh leis an earnáil breisoideachais agus oiliúna, ina bhfuil aon chúigiú de na hiarratais náisiúnta ag OT Baile Átha Cliath.

## Oideachas Printíseachta


Is príomhsholáthraí oideachais phrintísigh í OT Baile Átha Cliath in Éirinn, ag seachadadh an cúigiú cuid den fhoráil náisiúnta i bprintíseachtaí ceardaíochta (Figiúr 2). Cuireann oideachas printíseachta deiseanna foghlama solúbtha ar fáil do mhic léinn ar mian leo a bheith ag tuilleamh airgid agus ag foghlaim ag am céanna[6]. In 2022, tháinig méadú 28% ar rolluithe mac léinn ar phrintíseachtaí nua (seachas ó phrintíseachtaí ceardaíochta traidisiúnta). Tháinig méadú ó thaobh líon na mban rannpháirteach ar chláir phrintíseachta, méadú, cé go bhfuil sé de réir a chéile, ó 1% go 9% ó ainmniú OT in 2019. Cuireann OT Baile Átha Cliath clár Rochtana ar Phrintíseacht ar fáil a mhaireann 12 seachtain do mhic léinn idir 16-24 bliana d’aois len iad a chur ar an eolas i dtaobh printíseachtaí. Tá ráta aistrithe ard ag an gclár; go dtí seo, tá 83 duine tar éis dul ar aghaidh chuig cúrsa iomlán printíseachta tar éis an clár a chríochnú.

4 Oideachas ETIM
5 Ollscoileanna Teicneolaíochta an ÚAO
6 Generation Apprenticeship







*Figiúr 2: Rolluithe Printíseachtaí Ceardaíochta Traidisiúnta ag na hInstitiúidí Ardoideachais 2021/22*



## Forbairt Scileanna agus an Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil

In 2021/22 d'fhan OT Baile Átha Cliath mar cheannaire i réimse an oideachais pháirtaimseartha, le níos mó ná 40% d'fhoghlaimeoirí réigiún Bhaile Átha Cliath ag freastal uirthi. Tá méadú tagtha ar an ngá atá le rolluithe agus deiseanna solúbtha páirtaimseartha atá difriúil ón tsamhail traidisiúnta de bharr éilimh iomaíocha. Tá tairiscintí páirtaimseartha agus solúbtha OT Baile Átha Cliath deartha chun freastal ar riachtanais na gcohórt mac léinn seo. Cé go nglactar le teicneolaíocht chun tacú leis an bpróiseas foghlama, leagann an Ollscoil béim agus neart fós ar an oideachas cleachtas-bhunaithe, le hoideachas praiticiúil agus tacaíocht aonair.

***Figiúr 3: Rolluithe Mac Léinn Páirtaimseartha ag Institiúidí Ardoideachais 2021/22 go Náisiúnta (Sonraí ÚAO)***




**Ní áirítear FETAC, Thar Lear, Malartú Isteach 7 Ceol Sóisearach sna sonraí náisiúnta ó Institiúidí Ardoideachais*

## Rannpháirtíocht san Oideachas a Fhairsingiú

Tá OT Baile Átha Cliath fós mar cheannaire go náisiúnta ó thaobh 'rannpháirtíocht san oideachas a fhairsingiú' (Tábla 1). Tá sé mar aidhm ag an leathnú rannpháirtíochta ionchuimsiú agus éagsúlacht a chur chun cinn trí dhaoine aonair ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh, comhairle a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar mian leo cúrsa san ollscoil a rochtain agus a chríochnú. Cuimsíonn sé mic léinn lánaimseartha ar a dtugtar mic léinn 'rochtana' go traidisiúnta — agus déanann a bhformhór iarratas ar iontráil tríd an mBealach Rochtana Ardoideachais (HEAR); áirítear ann freisin mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn lánfhásta, mic léinn ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus mic léinn ón lucht siúil. Léirigh sonraí an ÚAO le haghaidh 2022, go raibh an líon is airde mac léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus an dara líon is airde mac léinn faoi mhíchumas ag freastal ar OT Baile Átha Cliath i measc na nInstitiúidí Ardoideachais go léir. Leanann an Ollscoil ag cur tacaíochtaí spriocdhírithe ar fáil do na grúpaí mac léinn seo.

***Tábla 1: Rolluithe Mhic Léinn Rochtana OT Baile Átha Cliath mar % de Rolluithe Náisiúnta***

| Iontrálaithe Nua | Rolluithe OT Baile Átha Cliath 2021/22 | % den Soláthar Náisiúnta |
|---|---|---|
| Mic Léinn Lánfhásta | 354 | 12.7% |
| Míbhuntáiste Socheacnamaíoch | 2432 | 12.6% |
| Mic Léinn faoi Mhíchumas | 1814 | 11.1% |
| Rolluithe ón Lucht Siúil | 10 | 7.3% |



# 1.3 DAOINE
# Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht 7 don Inspioráid

**"Táimid tiomanta d'áit a chruthú a bheidh grá ag daoine a bheith ag obair agus ag foghlaim ann"**

## COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT 7 IONCHUIMSIÚ

Tá OT Baile Átha Cliath ag cruthú áit ina bhfuil daoine bródúil as a bheith páirteach i bpobal beo, rathúil agus nasctha, áit atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú do chách. Tá an Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) mar dhlúthchuid OT Baile Átha Cliath, agus tá sprioc uaillmhianach leagtha síos ag an Ollscoil di féin a bheith ina heiseamláir sa réimse. Tá Ráiteas Comhionannais foirmiúil OT Baile Átha Cliath leagtha amach i gCuid 5 den tuarascáil seo agus le linn 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo chuspóir foriomlán na hOllscoile.

I mí an Mhárta 2022 bhain an Ollscoil Dámhachtain Chré-umha Athena SWAN, Institiúideach amach, agus i mí Mheán Fómhair 2022 fuair Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí dámhachtain chré-umha. Is é seo an chéad Scoil in OT Baile Átha Cliath a fuair an creidiúnú seo agus is eiseamláir í do Scoileanna agus Dámha eile. Beart tosaíochta laistigh de Phlean Gníomhaíochta Athena SWAN is ea cothromaíocht inscne 40% ar a laghad a bhaint amach agus/nó a choinneáil i ngach ról sinsearach cinnteoireachta agus i bpoist ó Cheann na Scoile aníos, faoi 2025.

Ó bunaíodh an Ollscoil, tá róil na gCeann Scoile agus Roinne anois ar bhonn rothlach ar feadh 5 bliana agus tá tús na héifeachta leis an gcinneadh seo le feiceáil ó mhí Mheán Fómhair 2022. Tá feabhas tagtha ar an gcothromaíocht inscne ó 35% de shealbhóirí poist ban go 40% (Tábla 2).

I dteannta Athena SWAN, d'fhaomh OT Baile Átha Cliath Plean Athraithe OT Baile Átha Cliath maidir le Cothromas Cine 2021-2026 i mí an Mhárta 2022. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir leis an Plean Gníomhaíochta chun Deireadh a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh (ESVH). Chríochnaigh os cionn 4,000 mac léinn ceardlann oiliúna Toiliú Gníomhach*; tacaíodh leis seo nuair a seoladh Modúl Ríomhfhoghlama 'Foréigean Gnéasach agus Ciapadh a Chosc: Conas tú féin agus do chuid Phiaraí a Chosaint'. Cuireadh uirlis nua SpeakOut i bhfeidhm freisin chun díobháil agus idirdhealú a thuairisciú. Maidir leis an bhfoireann, seoladh oiliúint Nochtadh agus Fianaiseach Gníomhach i mí an Mhárta agus seoladh físeán Feasachta do Bhaill Foirne maidir le Toiliú Gníomhach* i mí na Samhna.

Tá baint ag Ionad Taighde AIB um Chultúir Chuimsitheacha agus Chothroma (RINCE) atá lonnaithe in OT Baile Átha Cliath le roinnt tionscadail taighde. Áirítear orthu sin an tionscadal RESISTIRÉ, lena bhféachtar leis an neamhionannais inscne a laghdú mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus GenderEx, ina dtéitear i mbun dea-chleachtais chun comhtháthú Ghné an Ghnéis agus na nInscne in Ábhar Taighde a spreagadh. Reáchtáladh Taispeántas Taighde agus Cleachtais an CÉI 2022 agus sraith seimineár le linn 2022.

*Tábla 2: Ceannaireacht agus Comhdhéanamh Cinnteoireachta ó thaobh Inscne de*

| Comhlacht cinnteoireachta | Staid Nollag 2021 | | Staid Nollag 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| Comhlacht Rialaithe | 48% | 52% | 56% | 44% |
| Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile (FFO) | 33% | 67% | 33% | 67% |
| An Chomhairle Acadúil | 43% | 57% | 51% | 49% |
| Ceann na Scoileanna | 35% | 65% | 40% | 60% |
| Ceann na Seirbhísí Proifisiúnta | 54% | 46% | 58% | 42% |

## FORBAIRTÍ AR AN GCAMPAS

Cuirfidh máistirphlean OT Baile Átha Cliath os cionn 200,000 m² spás campais nua ar fáil ar na trí phríomhchampas de OT Baile Átha Cliath. Tá sé seo ar cheann de na forbairtí bonneagair is mó in Ard-Oideachas na hÉireann agus tá sé mar thosaíocht sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030. Tá caighdeán na timpeallachta fisiciúla foghlama agus na n-áiseanna campais ríthábhachtach do thaithí an mhic léinn.




## Mol Acadúil agus Leabharlann Nua

Ar an 21 Márta 2022, d'iompaigh Aire na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), Simon Harris, agus an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe, an fód ar an Mol Acadúil agus Leabharlann nua ag an gcampas cathrach i nGráinseach Ghormáin. Beidh an foirgneamh nua-aimseartha seo tógtha timpeall ar an Áras Thuaidh atá ann cheana féin, foirgneamh stairiúil ag dul siar go dtí an 19ú haois, áit a chruthófar áis leabharlainne iontach nua. Chomh maith lena bhailiúchán leabharlainne, cuirfidh an spás foghlama nua de 12,600m² réimse spásanna staidéir foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar fáil. Beidh réimse de thacaíochtaí acadúla ar fáil san fhoirgneamh do mhic léinn chomh maith lena n-áirítear Lárionad Forbartha Gairmeacha, Lárionad Foghlama Matamaitice, agus Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.



Iompaíonn Airí an fód ag an Mol Acadúil agus Leabharlann nua

## Foirgneamh Eolaíochta Spórt, Sláinte 7 Áineasa den Chéad Scoth

Leanadh le tógáil an Fhoirgnimh nua Eolaíochta Spórt, Sláinte agus Áineasa ar champas Thamhlachta in 2022, agus an t-aistriú deiridh i mí Feabhra 2023. Soláthraíonn an foirgneamh seo áiseanna tiomnaithe, lena n-áirítear saotharlanna taighde agus teagaisc, do mhic léinn in eolaíocht spórt, sláinte agus cúram sóisialta feidhmeach. Soláthraíonn sé áiseanna spóirt agus áineasa a bhfuil géarghá leo freisin (cispheil, eitpheil, badmantan agus giomnáisiam) le húsáid ag mic léinn, ag an bhfoireann agus ag an bpobal áitiúil. Beidh ról tábhachtach ag an áis nua maidir le tacú le sláinte an phobail agus le Beartas Náisiúnta Spóirt na hÉireann 2018-2027[7], a bhfuil sé mar aidhm aige gach saoránach a spreagadh chun páirt a ghlacadh go rialta i spórt nó i ngníomhaíocht choirp.



Foirgneamh Eolaíochta Spórt, Sláinte agus Áineasa (SSHRB)

## Bhuaigh áiseanna Spórt OT Baile Átha Cliath Gradaim Sárchaighdeáin

Bhuaigh Foireann Áiseanna Spóirt OT Baile Átha Cliath dhá Ghradam de Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta ó Ireland Active, an comhlacht rialaithe le haghaidh Áiseanna Spórt 7 Fóillíochta in Éirinn. Bronnadh na gradaim seo ar áiseanna i nGráinseach Ghormáin agus i nDroichead Broome. Ina theannta sin, bronnadh gradam don Áis is Feabhsaithe ar Dhroichead Broome, OT Baile Átha Cliath. Seo iad na gradaim is airde a d'fhéadfaí a bhuachan laistigh den tionscal

7 Beartas Náisiúnta Spóirt na hÉireann 2018-2027



Áiseanna Spórt
OT Baile Átha Cliath

## Tionscadail Comhpháirtíochta Poiblí- Príobháideacha Ardoideachais (HEPPP)

I mí na Nollag 2022, síníodh conarthaí, agus cuireadh tús le tógáil ar dhá fhoirgneamh mar chuid de mhórsholáthar ón nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA), ar a dtugtar Beart 1 de Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (HEPPP) Ardoideachais. Soláthróidh an dá fhoirgneamh leathnú ar áiseanna ginearálta teagaisc chun tacú le fás sa todhchaí ar líon na mac léinn thar raon disciplíní.

- I dTamhlacht, cuirfidh foirgneamh ildisciplíneach 5,000m2 thar cheithre urlár léachtlanna den scoth, áiseanna taighde agus printíseachta, cistineacha, bialann oiliúna agus stiúideonna deartha ar fáil.
- I mBaile Bhlainséir tá sé mar aidhm ag saoráid teagaisc ghinearálta 4,000m2 trí stór obair chomhoibríoch a uasmhéadú agus nuálaíocht a spreagadh.



Amharcléiriú ar fhoirgneamh nua
PPP ar champas Bhaile Bhlainséir





Amharcléiriú ar fhoirgneamh nua
PPP ar champas Thamhlachta

## Forbairtí ar Champas Ghráinseach Ghormáin

Le linn 2022, leanadh den obair phleanála le haghaidh forbairtí ar champas Ghráinseach Ghormáin, lena n-áirítear an Chearnóg Thiar, arb é an láthair nua atá beartaithe do Dhámh an Ghnó atá lonnaithe i Sráid Aungier faoi láthair. Déanfar saoráid taighde FOCAS a athlonnú sa Chearnóg Thiar chomh maith le foirgneamh nua spórt faoi dhíon.



## Dearadh + Tógáil Lárionad Barr Feabhais

I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn ar dhearadh foirgnimh do shaoráid nuálaíoch 'Dearadh + Tógáil' ag Droichead Broome. Is é seo an chéad Lárionad Barr Feabhais d'oideachas Ailtireachta, Foirgníochta agus Innealtóireachta (AEC) in Éirinn. Bainfidh an Lárionad leas as saineolas OT Baile Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá os comhair na hearnála, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna ríthábhachtacha agus ar an dá dhúshlán a bhaineann le cleachtais inbhuanaithe agus digiteacha a neadú ar fud an tionscail. Déanfar athfhorbairt ar an láithreán athfhorbraíochta atá ann cheana féin.

# 1.4 DAOINE
## An Dúil a bheith Rathúil á Cur Chun Cinn

> **“Táimid tiomanta d’infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht atá tacúil agus dírithe ar dhaoine”**

Tá OT Baile Átha Cliath gníomhach ag iarraidh foireann ardchumais agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil, agus an fhoireann sin a spreagadh go barr a gcumais. Tacóidh an tuiscint shoiléir atá againn ar chomhchuspóir leis an bhfoireann agus leis na mic léinn chun barr feabhais a bhaint amach. Mar ollscoil nuabhunaithe in 2019, sheol OT Baile Átha Cliath próiseas deartha eagraíochta (OD) chun struchtúr eagraíochtúil nua a chruthú agus a chur i bhfeidhm don ollscoil. Rinneadh os cionn 400 ról a athstruchtúrú nó a ceapadh agus é mar aidhm aige daoine tréitheacha agus infhaighteacht scileanna, eolais agus taithí a chur chun fónaimh don Ollscoil agus í ag iarraidh a cuid uaillmhianta a bhaint amach. In 2022, cuireadh os cionn 150 tionscnamh oiliúna ar fáil. Thug an Ollscoil tacaíocht freisin do bhreis agus 130 fostaí i gcláir bhreisoideachais. Ina theannta sin, ghlac breis is 80 ceannaire, lena n-áirítear baill d’Fhoireann Feidhmiúcháin nuacheaptha na hOllscoile (UET), páirt sa Chlár Forbartha Ceannaireachta.

### Bronnadh Gradam um Fheabhas sa Mhúinteoireacht Mór le Rá ar Acadóir OT Baile Átha Cliath

Bhronn an Cumann Bithcheimiceach Gradam um Fheabhas sa Mhúinteoireacht ar an Dr Barry Ryan, léachtóir sa Bhithcheimic ag OT Baile Átha Cliath. Ní bhronntar ach naoi ngradam gach bliain. Aithníonn an gradam um Fheabhas sa Mhúinteoireacht sármhaitheas an duine aonair, tiomantas d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach, tiomantas do mhic léinn agus do chomhghleacaithe, agus dul i gcion ar bhealach marthanach leanúnach.



An Dr Barry Ryan, léachtóir sa Bhithcheimic ag OT Baile Átha Cliath



An Dr Niamh O’Malley ina stiúideo ag Temple Bar Gallery + Studios. Grianghraf le caoinchead ó Temple Bar Gallery + Studios

### Léachtóir Mínealaíne de chuid OT Baile Átha Cliath ina hionadaí d’Éirinn ag La Biennale Di Venezia

Bhí an Dr Niamh O’Malley, léachtóir i Scoil na nEalaíon Cruthaitheach OT Baile Átha Cliath ar taispeáint i dTaispeántas Ealaíne Idirnáisiúnta Pailliún na hÉireann. Tá Biennale na Veinéise ar cheann de na hinstitiúidí cultúrtha is mó le rá ar domhan. Is amharcealaíontóir í Niamh, ag baint úsáid as físeáin, líníocht, péinteáil agus dealbhóireacht chun bealaí a scrúdú ina ndéanaimid iarracht teacht ar an domhan trí íomhánna.

### Léachtóirí OT Baile Átha Cliath Ainmnithe do Ghradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann

Ainmníodh léachtóirí ar an gclár Léiriú Meán 7 Ealaíon Digiteach ag na Gradaim Scannán agus Teilifíse Éireannacha. Bhuaigh ‘Nothing to Declare’ le Garret Daly an Gearrscannán is Fearr ar an oíche. Bhí ‘Who We Love’, le Alan Fitzpatrick, a ainmníodh don Scannán is Fearr freisin, in aghaidh iomaíocht ghéar ó ‘Belfast’ le Kenneth Branagh. Fuair sé ainmniúcháin freisin don Stiúrthóir is Fearr, don Script Scannáin is Fearr, don Aisteoir (Mná) Tacaíochta is Fearr, don Aisteoir (Fir) Tacaíochta is Fearr, agus don Scór Ceoil is Fearr.






Dr Máirtín Mac Con Iomaire

### Bhuaigh Léachtóir de chuid OT Baile Átha Cliath Duais Cara Taighde don Dara hUair

Bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn Duais Cara Taighde ar Léachtóir Sinsearach OT Baile Átha Cliath, an Dr Máirtín Mac Con Iomaire, don dara bliain as a chéile. Tugann an gradam ómós do ról dearfach na maoirseoirí, na meantóirí agus na n-oifigeach taighde maidir le tacú le agus le buanú phobal taighde na hÉireann agus an chaoi a gcuidíonn siad le cultúr dearfach acadúil a chothú bunaithe ar chomhionannas, uilechuimsitheacht agus meas. D’ainmnigh triúr dá chéimithe PhD é.

### Bhuaigh Léachtóir de chuid OT Baile Átha Cliath Gradam Oideachais Innealtóireachta Struchtúrtha Mór le Rá 2022

Aithníodh Cian Farrell as a theicnící teagaisc nuálaíocha ag baint úsáid as a uirlis oideachais hibrideach, Virtual Industry Visits. Cuidíonn an uirlis le mic léinn a léirshamhlú agus a léirmhíniú conas a chuirtear coincheap téacsleabhar innealtóra struchtúrach i bhfeidhm i réaltacht an tionscail. Baineadh úsáid as an réiteach nuálaíoch chun tacú le mic léinn a bhí ag gabháil don chianfhoghlaim le linn na paindéime.




Fuair Cian Farrell gradam mar gheall ar a uirlis oideachais hibrideach nuálach


# 1.5 DAOINE
## Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí

**“Táimid tiomanta dár gcuid Alumni agus a gcuid éachtaí a chur ar taispeáint agus muintearas le muintir OT Baile Átha Cliath a chothú”**



Bhí OT Baile Átha Cliath bródúil as céim a bhronnadh ar bhreis agus 7,500 mac léinn in 2022 thar gach disciplín (Figiúr 4), ag soláthar piblíne láidir tallainne a fhreagraíonn do riachtanais na n-earnálacha fiontraíochta, seirbhíse poiblí agus pobail. Méadaíonn cáilíocht tríú leibhéal na hionchais infhostaitheachta agus in 2021, bhí os cionn 95% de chéimithe OT Baile Átha Cliath i bhfostaíocht nó i mbreisoideachas naoi mí tar éis dóibh céim a bhaint amach.

*Figiúr 4: Céimithe OT Baile Átha Cliath le ISCED 2021/22*




Ba é Rang 2022 an chéad dream ar reáchtáladh searmanais bhronnta céime i bpearsa dóibh ó bhí an phaindéim COVID-19 ann. Bhí lúcháir ar OT Baile Átha Cliath fáilte a chur roimh chohóirt céimithe ó mhí na Samhna 2020 agus earrach 2021 ar ais ar an gcampas chun deis a fháil faoi deireadh thiar thall aitheantas a fháil i bpearsa as a gcuid oibre crua.

Is iomaí alumni a bhain céim amach ó OT Baile Átha Cliath[8], agus is liosta le háireamh na gaiscí atá déanta acu ó shin. Tarraingítear aird ar roinnt díobh is díol spéise thíos.

8 Alumni mór le rá OT Baile Átha Cliath

## Samplaí d’Éachtaí Ár gCéimithe 2022

**Tá céimí de chuid OT Baile Átha Cliath Alistair Muir i measc na stiúrthóirí is óige atá ag freastal ar aon bhanc ar liosta na hAstráile**

Ceapadh an fiontraí Alistair Muir, céimí Ríomheolaíochta de chuid OT Baile Átha Cliath, ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Bendigo agus Adelaide Bank in 2022. Beidh sé i measc na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin is óige ar aon bhanc atá liostaithe san Astráil. Tá Alistair ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ghnó comhairleach Vanteum freisin. Tá comhairle curtha aige ar rialtais agus ar iliomad banc, gnólachtaí teicneolaíochta an airgeadais agus árachóirí maidir le teicneolaíocht an airgeadais agus nuálaíocht dhigiteach.



Alistair Muir Céimí sa Ríomheolaíocht ó OT Baile Átha Cliath

**Ceapadh Patricia Scanlon ó SoapBox Labs ina céad ambasadóir IS in Éirinn**

I mí na Bealtaine 2022, cheap an Rialtas céimí de chuid OT Baile Átha Cliath, an Dr Patricia Scanlon ina céad Ambasadóir IS in Éirinn. Is í Scanlon bunaitheoir agus cathaoirleach feidhmiúcháin na cuideachta teicneolaíochta aitheantais cainte “SoapBox Labs” atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.



An Dr Patricia Scanlon, céimí san Innealtóireacht Leictreach



Andy McFadden, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath Thamhlachta

**Bronnadh an Chéad Réalta Michelin ar Bhialann Glovers Alley i mBaile Átha Cliath**

Is príomhchócaire feidhmiúcháin é Andy McFadden, céimí Thamhlachta de chuid OT Baile Átha Cliath, i mbialann Glovers Alley i mBaile Átha Cliath, ar bronnadh réalta Michelin uirthi sa Michelin Guide 2022, An Bhreatain Mhór agus Éire.



Fionn Lahart (ar chlé), céimí Innealtóireachta Meicniúla de chuid OT Baile Átha Cliath

**Téann Anna Haugh isteach i ngrúpa moltóirí MasterChef: An fhoireann moltóireachta ar The Professionals**

Bhí an cócaire agus úinéir Myrtle Restaurant i Londain, céimí Cócaireachta Gairmiúla de chuid OT Baile Átha Cliath, Anna Haugh, ina moltóir ar MasterChef 2022: The Professionals. Thosaigh Anna a gairm bheatha in L'Ecrivain i mBaile Átha Cliath sular bhog sí go Londain, áit ar oibrigh sí ag Pied a Terre, The Square agus ag an Gordon Ramsay Group. Is í Anna an príomhchócaire cónaitheach ar BBC Morning Live agus is aoi rialta í ar Saturday Kitchen.



Céimí Cócaireachta Gairmiúla de chuid OT Baile Átha Cliath, Anna Haugh




**Fuair Paul Hendrick céim le gairid ó OT Baile Átha Cliath agus bhuaigh sé an Gradam Náisiúnta James Dyson.**

Bhain sé a chéim amach in Eolaíocht Fheidhmeach i nDearadh Tionscail agus Táirgí in 2022 agus bhuaigh sé an Gradam Náisiúnta James Dyson lena aireagán Méadú. Déanann an bord matamaitice ilfheidhmeach idirghníomhach iarracht leigheas a fháil ar an drogall a bhíonn ar dhaltaí bunscoile plé leis an matamaitic trí cheachtanna idirghníomhacha matamaitice a thairiscint.

Méadú - aireagán le Paul Hendrick, céimí san Eolaíocht Fheidhmeach i nDearadh Tionscail agus Táirgí 2022

**Bhuaigh bunaitheoirí OneProject na fiontraithe 'Is Fearr ag Teacht Chun Cinn' ag Gradaim EY**

Is céimí san Innealtóireacht Mheicniúil de chuid OT Baile Átha Cliath é Fionn Lahart, bunaitheoir OneProject. Déanann an chuideachta feistí leighis atá tacaithe ag fiontair, OneProject, speisialtóireacht i dteicneolaíocht íomháithe cairdiach ardtaifigh agus tá sé ag forbairt feiste braite catatéir-bhunaithe le húsáid ar othair a fuair cóireáil le haghaidh neamhrithimeachta lena n-áirítear fibriliú aitriamach (AFib), riocht croí atá ag gabháil do bhreis agus 38 milliún duine ar fud an domhain.



## An Uaillmhian againn

Cuirfimid borradh faoi inbhuanaitheacht uileghabhálach a thabharfaidh aghaidh ar na dúshláin atá roimh mhuintir an domhain agus beidh dea-thionchar againn ar an domhan agus ar dhaoine, agus ‘oideachas’ mar inneall againn.

# Domhan

**Sa bhliain 2022...**

### Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht

- chuireamar isteach ar chreidiúnú mar Champas Glas
- bhaineamar creidiúnú Platanam My Green Lab amach
- Bhíomar liostaithe sa 100 Ranguithe Tionchair Dhomhanda SFI is Fearr

### Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú

- bronnadh breis is €4m orainn i maoiniú d’oideachas inbhuanaitheachta
- chuireamar feasacht inbhuanaitheachta isteach san ionduchtú do bhreis agus 6,000 mac léinn nua

### Dul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda

- mhéadaíomar ioncam dámhachtainí taighde +38%

# 2.1 DOMHAN
## Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht

**"Táimid tiomanta d'aird an phobail a tharraingt ar an inbhuanaitheacht agus do chur le heolas fúithi."**

In OT Baile Átha Cliath ba mhaith linn intinní ceannródaíocha a chothú agus eolas agus saineolas taighde ar bhealach a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíocht agus a bhainfidh inbhuanaitheacht amach. Teastaíonn uainn dioscúrsa poiblí a bhrú chun cinn agus tionchar a imirt ar fhorbairt bheartais i gcomhpháirtíocht le ceannairí smaointe agus ár nOllscoil a úsáid mar shaotharlann bheo ionas go gcuirfidh OT Baile Átha Cliath borradh faoi inbhuanaitheacht i ngach réimse den saol.

I mí an Mhárta 2022, dhaingnigh OT Baile Átha Cliath a Ráiteas Inbhuanaitheachta. Tá an Ollscoil tiomanta do réitigh nuálacha ar athrú aeráide a fhorbairt trí thaighde, teicneolaíochtaí glasa agus trí úsáid a bhaint as ár n-infreastruchtúr fisiceach agus digiteach chun inbhuanaitheacht a neadú inár dtimpeallacht laethúil foghlama agus oibre. Is iad na buaicphointí seo a leanas rogha de thionscnaimh inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath atá i mbun gnímh.

### Campas Glas

Tá OT Baile Átha Cliath ag obair ar chlár Campas Glas An Taisce ó 2017 ach chláraigh sé go foirmiúil le clár an Champais Ghlais faoi iarratas amháin Ollscoile in 2022. Tá sé mar aidhm ag an gclár feasacht agus gníomh comhshaoil a dhéanamh mar dhlúthchuid de shaol agus d'éiteas saoráidí oideachais[9]. Tá OT Baile Átha Cliath ag obair faoi láthair i dtreo stádas an Bhrait Ghlais a bhaint amach sna réimsí 'Bruscar 7 Dramhaíl' agus 'Fuinneamh' faoi dheireadh 2023.

In 2022, d'óstáil coiste Champas Glas OT Baile Átha Cliath 55 imeacht inbhuanaitheachta don tSeachtain Ghlas. Tugann an ócáid bhliantúil, atá ina haonú bliain déag anois, mic léinn, baill foirne agus lucht tionscail le chéile chun eolas ar inbhuanaitheacht a cheiliúradh agus a scaipeadh. Reáchtáladh imeachtaí idirghníomhacha ar nós crainn a chur agus siopaí deisithe rothar, mar aon le plé painéil ó shaineolaithe tionscail lena n-áirítear BSL, EirGrid agus Bord na Móna. Chomh maith le tomhaltas fuinnimh, dhírigh imeachtaí eile ar airgeadas inbhuanaithe agus ar theicneolaíocht inbhuanaithe, agus ar bhonn níos leithne, reáchtáladh ceardlann do mhic léinn Máistreachta chun saincheisteanna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a fhiosrú.



Foireann, mic léinn OT Baile Átha Cliath agus an pobal áitiúil ag cur crann don tSeachtain Ghlas ar Champas Thamhlachta

### Creidiúnú My Green Lab

Tá OT Baile Átha Cliath ina mbaill ghníomhacha de chlár MY Green Lab eagraíocht gan beann ar bhrabús a bunaíodh chun inbhuanaitheacht taighde eolaíoch a fheabhsú. Tá grúpa oibre na hOllscoile ag iarraidh lorg comhshaoil taighde saotharlainne in OT Baile Átha Cliath a laghdú. Laistigh de Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Bithchógaisíochta, bronnadh Deimhniú Platanam My Green Lab ar na saotharlanna ceimice i dTamhlacht in 2022 agus tá ocht n-iarratas eile á gcur chun cinn anois ag OT Baile Átha Cliath.





*Leibhéil Chreidiúnaithe My Green Lab*

### Líonraí Teasa Dúiche

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do theicneolaíochtaí idir ísealcharbóin agus saor ó charbón a úsáid chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta a bhaint amach. Tháinig ann don Chóras Teasa Dúiche Thamhlachta (DHS) tar éis roinnt blianta de phlé comhoibríoch idir Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Campas Thamhlachta OT Baile Átha Cliath agus Amazon AWS. Is é an chéad chóras teasa dúiche ísealcharbóin in Éirinn é. Úsáidtear farasbarr teasa ó ionad sonraí Amazon AWS chun teas ísealcharbóin a sholáthar don líonra. In 2022, ceanglaíodh an príomhfhoirgneamh ar champas Thamhlachta agus an Foirgneamh nua Eolaíochta Spórt, Sláinte agus Áineasa leis an DHS. Is ionann an coigilteas astuithe carbóin ar champas Thamhlachta, bunaithe ar mheastacháin a eachtarshuíodh ó shonraí Monatóireachta & Tuairiscithe (M&T) is déanaí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus laghdú de thart ar 400 tonna C02 e in aghaidh na bliana.

Tá OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht freisin le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) agus CODEMA chun tobar geoiteirmeach tollta domhain a fhorbairt ar champas Ghráinseach Ghormáin. Is é seo an chéad tionscadal geoiteirmeach in Éirinn agus is é an sprioc teas in-athnuaite a sholáthar don Líonra Teasa Dúiche atá suiteáilte cheana féin i nGráinseach Ghormáin, ag cur córas geoiteirmeach in ionad na gcoirí gásadhainte atá ann cheana féin. Is é an teicneolaíocht atá roghnaithe ná dúibléad tollta dhomhain oscailte gheoiteirmeach, agus teas á bhaint aige ó 2.5km síos. Dheimhnigh na torthaí ag 1km de 38 céim go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag an tionscadal agus go bhféadfadh sé teochtaí suas le 80- 900C a tháirgeadh, an fuinneamh a theastaíonn le haghaidh teas dúiche.

Córas Teasa Dúiche Thamhlachta OT Baile Átha Cliath



9 Treoirleabhar an Champais Ghlais

## Walk21

Déanann OT Baile Átha Cliath a dícheall a bheith ina ceannaire i leith bonn eolais a chur faoin díospóireacht phoiblí ar inbhuanaitheacht agus mar chuid d'fheachtas feasachta OT Baile Átha Cliath, eagraíodh breis agus 150 imeacht in 2022, agus tarraingítear aird ar roinnt acu i dTábla 3. Reáchtáladh imeacht suntasach, Walk21, thar chúig lá i mí Mheán Fómhair agus chuir sé fáilte roimh 60 príomhchainteoir saineolaíoch ó gach cearn den domhan agus os cionn 1,000 toscaire i láthair go pearsanta agus ar líne. Ba é téama 2022 Deich mBliana Fágtha chun Athrú a Dhéanamh. Chíoraigh an téama na dúshláin atá roimh phobail chomh maith le dea-chleachtas a roinnt maidir le bonneagar, ceapadh beartais idirnáisiúnta, úsáid na teicneolaíochta agus sábháilteacht siúlóide. Is féidir an clár iomlán a fheiceáil anseo.



*Tábla 3: Samplaí d'Imeachtaí Inbhuanaitheachta de chuid OT Baile Átha Cliath*


| Imeachtaí Móra in 2022 | Buaicphointí |
|---|---|
| Haiceatón Sláinte | D'fhorbair 40 mac léinn réitigh ar chúig dhúshlán a leag cliniceoirí Ospidéal Ollscoile Thamhlachta síos. |
| Imeacht Alumni faoi Chathracha in Éirinn a Dhícharbónú | An chéad imeacht Alumni a cuireadh ar siúl i bpearsa ó aimsir Covid-19. I measc chomhaltaí an phainéil bhí an tAire Eamon Ryan TD, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath an Dr Fergus Sharkey (SEAI) agus an Dr Ruth Kerrigan (IES). |
| Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Fuinnimh Gheoiteirmigh | Reáchtáil OT Baile Átha Cliath agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann an chéad Chruinniú Mullaigh Náisiúnta faoi Fhuinneamh Geoiteirmeach. Bhí saineolaithe tionscail, taighde agus beartais i láthair chun an fhís d'fhuinneamh geoiteirmeach in Éirinn amach anseo a phlé. |
| Scileanna le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe ⁊ Sheasmhach | D'fhreastail 150 rannpháirtí ar Fhóram Fiontraíochta Convene. Thug an Taoiseach Leo Varadkar an phríomhóráid inar thug sé aghaidh ar na scileanna a theastaíonn chun tallann a fhorbairt agus a chothú ar fud na fiontraíochta sóisialta agus tráchtála. |
| Foraoisí Cloiche Cora | Tháinig eagraíochtaí pobail áitiúla, oibrithe deonacha agus foireann agus mic léinn OT Baile Átha Cliath le chéile chun foraois a chur, deartha le bheith ag teacht le modúl ar Shaoránacht Ghníomhach. |
| Sraith Litheartha SG ⁊ Pláinéad ConnectED | D'fhreastail lucht féachana iomlán ar cheithre imeacht hibrideacha lena n-áirítear:<br>- IS agus Neodrach ó thaobh Carbóin de<br>- Déantóir athruithe agus Fiontraí Sóisialta<br>- Inbhuanaitheacht ar Fud an tSlabhra Soláthair<br>- Nuair a Bhuaileann Gnó leis an dTaoschnó |
| Imeacht faoi Thodhchaí na hÉireann de chuid Chumann Ollscoile Éireann | Ba é an tAire Eamon Ryan T.D. an príomhchainteoir a thug a thuairimí ar ról ollscoileanna na hÉireann chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta. |
| Féile! COPON | Féile chun plé a spreagadh agus gníomh aeráide a spreagadh i gcomhréir le COP27. |
| Dúshlán Nuálaíochta Inbhuanaitheachta an Uachtaráin | Tugadh dúshlán do mhic léinn smaointe a chur i láthair chun cur amú bia tí a laghdú de réir mheastachán na NA go bhféadfaimis deireadh a chur le hocras domhanda dá stopfaimis ag cur amú ¼ den bhia a chuirtear amú faoi láthair. Bronnadh duaischiste de €2,000 ar an mac léinn a bhuaigh. |
| #COPDrop | Chomhoibrigh mic léinn chun tionscadal tráchtaireachta ildisciplíneach COP27 a fhorbairt. |
| Comórtas Grianghraif Feasachta Aeráide | Iarradh ar na mic léinn grianghraif a chur isteach a léirigh a dtuiscint ar thionchar an athraithe aeráide. |



Seolann Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Caroline Conroy, an tSeachtain Ghlas

## Suirbhé Taisteal Níos Cliste OT Baile Átha Cliath 2022

Ghlac OT Baile Átha Cliath páirt i Suirbhé an Údaráis Náisiúnta Iompair ar Thaisteal Níos Cliste (NTA) 2022. Léirigh na torthaí go dtaistealaíonn 89% de mhic léinn agus 56% den fhoireann chuig an gcampas ar mhodhanna taistil inbhuanaithe agus gníomhacha. D'fhreagair breis agus 5,000 freagróir suirbhé OT Baile Átha Cliath, rud a tharraing an tÚdarás aird air mar an ráta freagartha ab airde a baineadh amach suirbhé thar an gclár iomlán ó cuireadh tús leis. Úsáidfear na sonraí bunlíne anois chun monatóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta chun cabhrú le hastaíochtaí Scóip 3 de chuid OT Baile Átha Cliath a laghdú.



## Ranguithe Tionchair

Léirítear iarrachtaí inbhuanaitheachta na hOllscoile i dtorthaí na Ranguithe Tionchair Dhomhanda Ardoideachais Times. In 2022, rangaíodh OT Baile Átha Cliath sa 100 is Fearr do thrí chatagóir; SFI11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe (33ú); SFI1 Gan Bhochtaineacht (83ú); SFI13 Gníomhú ar son na hAeráide (87ú). Tomhaiseann na Ranguithe Tionchair an méid a chuireann institiúidí ardoideachais le Spriocanna Inbhuanaitheachta na NA i dtaca le taighde, cleachtais teagaisc agus a gcuid áiseanna de. Leagtar amach i Tuarascáil Dul Chun Cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA de chuid OT Baile Átha Cliath na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu faoi gach ceann de na 17 SFI le linn 2022.

## Dámhachtainí Inbhuanaitheachta 2022

Tá infheistíocht déanta ag OT Baile Átha Cliath chun teacht ar réitigh nuálacha ar ár ndúshlán aeráide. In 2022 bronnadh dámhachtainí ar roinnt ball foirne agus mac léinn as a gcuid iarrachtaí ina leith seo (Tábla 4).

***Tábla 4: Samplaí de Dhámhachtainí Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath 2022***

| Dámhachtain | Buaiteoir |
|---|---|
| Climate Launchpad | Bhuaigh Bio Wrap an chéad chomórtas idirnáisiúnta Climate Launchpad de chuid OT Baile Átha Cliath, a cheiliúrann smaointe a chur i láthair atá bunaithe ar smaointe gnó a mbeadh dea-thionchar acu ar athrú aeráide. Is rogha in-bhithmhillte, síondíonach é an cur i láthair a bhuaigh, Bio Wrap, seachas gnáth-chlúdach plaisteach pailléid. |
| Dámhachtain Nuálaíochta EWB | Bhuaigh foireann Future Greens de chuid OT Baile Átha Cliath an Dámhachtain Nuálaíochta EWB: bileog a threoraíonn mic léinn ar conas a gcuid micrea-glasraí féin a fhás ag baint úsáid as fuíollábhar. |
| FFÉ – Duais Dúshláin Nuálaí na Todhchaí Bia | Bhuaigh foireann Leaf No Waste de chuid OT Baile Átha Cliath €2M mar mhaoiniú dá nuálaíocht chun seilfré na nduilleog sailéid a leathnú agus ligean do tháirgeoirí bogadh ó phacáistíocht phlaisteach go roghanna níos inbhuanaithe agus inmhúirínithe. Is í Éire an táirgeoir dramhaíola plaistí is mó san Eoraip agus táirgeann sí 1M tona de dhramhaíl bhia gach bliain. |
| nTopology Responsible Part Challenge | Bhuaigh deartháireacha Eoin agus Tadhg-Lorcan Oude Essink ó OT Baile Átha Cliath an dúshlán mór le rá nTopology Responsible Part Challenge. Chuir an dúshlán seo de chúram ar mhic léinn ar fud na cruinne a dtionscadail a chur i láthair a léirigh modhanna freagracha déantúsaíochta breisithe. |
| Dámhachtainí Láithreach Nuálaíochta FÉ | Bhuaigh comhpháirtithe nuálaíochta OT Baile Átha Cliath, Pearson Milking Technology, Dámhachtain Láithreach Nuálaíochta de chuid Fiontraíocht Éireann. Spreagann an t-aireagán 'Bullseye' nuálaíocht trí uathoibriú agus téann sé chun sochair d'fheirmeacha de réir mar a chuireann sé acmhainní ar fáil agus mar a chuireann sé le bia a tháirgeadh go leanúnach. |
| Dámhachtainí Láithreach Nuálaíochta FÉ | Bhuaigh Micron Agritech an dámhachtain don Ghnólacht Nuathionscanta is Fearr ó Fhiontraíocht Éireann as a dteicneolaíocht tástála seadán réabhlóideach, a thosaigh mar mhac-chuideachta de chuid na hOllscoile in 2019. Cuidíonn an teicneolaíocht le húinéirí ainmhithe an táirgeacht a uasmhéadú agus costais a laghdú, agus cuidíonn sí ag an am céanna lena dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú. |
| Clár Ambasadóra Aeráide An Taisce | Bhuaigh mac léinn de chuid OT Baile Átha Cliath, Fionn Fitzpatrick, gradam Gaisce Sármhaith bunaithe ar an obair shármhaith a rinne sé le linn dó páirt a ghlacadh i gClár Ambasadóra Aeráide an Taisce, agus é ag obair le foireann Tobshlua chun aird an phobail a tharraingt ar cheisteanna aeráide. |
| My Green Lab | Bhain Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Bithchógaisíochta Deimhniú Platanam de chuid My Green Lab amach. |

Leaf No Waste, buaiteoirí na Duaise Dúshláin Bia do Nuálaí na Todhchaí FEE






Deimhniú My Green Lab de chuid OT Baile Átha Cliath

# 2.2 DOMHAN
## Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú

**"Táimid tiomanta don fhoghlaim agus don chruthú faisnéise a éascú, agus uaillmhian i leith inbhuanaitheachta agus dúil inti á gcothú againn"**

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'oideachas a chur ar fáil a chothaíonn meon na hinbhuanaitheachta agus a spreagann daoine chun clár gnó na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm againn gach foghlaimeoir ag gach leibhéal a spreagadh chun dul i ngleic le dúshláin SFI ionas go bhfaighidh muid, mar shochaí, bealaí níos inbhuanaithe chun oibriú agus maireachtáil chun ár bplainéad a chosaint.

Cuireadh tús le próiseas na hinbhuanaitheachta a neadú in eispéireas an mhic léinn trí fhorbairt a dhéanamh ar eilimint inbhuanaitheachta in ionduchtú na mac léinn nua i Meán Fómhair 2022. Scaipeadh féilirí pleanála balla acadúla le heolas ar mhaireachtáil inbhuanaithe in OT Baile Átha Cliath ar 6,000 mac léinn nua agus cuireadh clár gearr ar líne ar inbhuanaitheacht ar fáil.




### Oideachas le haghaidh Inbhuanaitheachta

In 2022, fuair OT Baile Átha Cliath €145k de mhaoiniú faoin gCiste SATLE 2022-23 chun nuálaíocht teagaisc agus foghlama a bhrú chun cinn. Déanann an Sruth Oibre um Oideachas don Inbhuanaitheacht, laistigh den tionscadal, forbairt ar threoir-thionscnaimh a rinneadh roimhe seo sna réimsí seo a leanas: (i) litearthacht inbhuanaitheachta, (ii) oideachas le haghaidh inbhuanaitheachta FGL, agus (iii) inbhuanaitheacht sa churaclam. Is í an aidhm atá leis na tionscnaimh a mhéadú agus an fhoireann teagaisc a chumasú chun a gcláir oideachais a athrú ó bhonn.

#### i. Litearthacht Inbhuanaitheachta

Tá litearthacht SFI tagtha chun cinn mar phríomhphobal cleachtais laistigh de OT Baile Átha Cliath. Táthar tar éis OT Baile Átha Cliath a ainmniú mar an gCoiste Saineolaithe Sulitest Réigiúnach/Náisiúnta d'Éirinn. Ó 2022 i leith, tá breis agus 4,000 mac léinn tar éis uirlis scrúdaithe litearthachta ar líne de chuid Sulitest a chríochnú, agus cláraíodh breis agus 100 ball foirne acadúil mar scrúdaitheoirí Sulitest. Soláthróidh na torthaí tuiscint ar ár bpróifílí litearthachta agus beidh siad mar bhonn eolais d'fhorbairt oideachais níos foirmiúla do mhodúil inbhuanaitheachta de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

#### ii. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) bunaithe ar Oideachas le haghaidh Inbhuanaitheachta

Seachadadh dhá thimthriall de na modúil Oideachas don Inbhuanaitheacht sa bhliain acadúil 2021-2022, inar chríochnaigh 100+ mac léinn fochéime, 20+ mac léinn PhD agus 80+ ball foirne iad. Bronnadh teastais FGL ar an gcéad chohórt mac léinn le linn na Seachtaine Glaise i mí an Mhárta 2022. Tá os cionn 60 taifead d'aoichainteoirí ón saol acadúil agus ón tionscal coimeádta le haghaidh eagarthóireachta mar acmhainní oideachais oscailte (AOOnna). Ina theannta sin, tá Teastas forbartha gairmiúla iarchéime sa Cheannaireacht Inbhuanaithe á thriail le Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann (COÉ) agus é ar intinn é a sheoladh i mí Mheán Fómhair mar fhorbairt ghairmiúil do bhallraíocht an COÉ. Déanann an COÉ ionadaíocht ar níos mó ná 400 ball ag leibhéil réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

#### iii. Inbhuanaitheacht sa Churaclam

In 2022, d'éirigh le Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil maoiniú Erasmus+ a fháil do thionscadal chun inniúlachtaí inbhuanaitheachta bia a fhorbairt trí Nemos. Comhtháthaíonn tionscadal Nemos inniúlachtaí inbhuanaitheachta trí oideolaíocht Ghlas agus tá sé á chur i gcrích i gcomhar le OT Graz, Ollscoil Pisa agus Ollscoil phoiblí Navarra. Tá cláir inbhuanaitheachta nua á dtosú ag an Ollscoil freisin lena n-áirítear Teastas san Airgeadas Inbhuanaithe agus Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Inbhuanaitheachta.

### Curaclaim Dearaidh Athléimnigh

Ar leithligh, tá an tionscadal Curaclaim Dearaidh Athléimnigh atá faoi stiúir OT Baile Átha Cliath agus na sé scoil ailtireachta in Éirinn (COBÁC, OTOD, OL, OTM, OT Baile Átha Cliath agus OLA) páirteach ann, mar aon le breis agus daichead geallsealbhóir tionscail. Fuair an comhthionscadal maoiniú de €3.96m in 2022 trí Thionscnamh Caipitil Daonna an Údaráis um Ardoideachas (ÚAO) agus faigheann sé tacaíocht ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal na curaclaim ghairmiúla in oideachas ailtireachta a athchumrú. Meastar go dtáirgeann earnáil na tógála agus na timpeallachta tógtha 37% d'astuithe carbóin in Éirinn[10] agus cuirfidh an clár oibre breisoiliúint ar oideachasóirí ailtireachta i ndearadh saolré iomlán atá tíosach ar fhuinneamh, ionas gur féidir na scileanna seo a aistriú chuig cleachtóirí amach anseo. Tá sé mar aidhm aige céimithe amach anseo a chumasú leis an eolas, na scileanna agus an meon chun cabhrú leis an tsochaí dul i ngleic leis na dúshláin inbhuanaitheachta atá cuimsithe i SFI na Náisiún Aontaithe 2030.






10 Comhchoiste na Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Carbón Ionchollaithe sa Timpeallacht Thógtha 2022

# 2.3 DOMHAN
## Dul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda


**"Táimid tiomanta do thuiscint dhomhain agus réitigh nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhain"**

Tá OT Baile Átha Cliath ag cothú taighde ildisciplíneach chun tionchar domhanda a sheachadadh agus chun dul i dteagmháil le líonraí domhanda chun mais chriticiúil eolais agus tuisceana a chothú. Tá tionscadail taighde á gcur i gcrích againn i gcomhar le comhpháirtithe tionscail agus pobail chun eolas a thiontú ina thorthaí nithiúla.

Cuireann saineolas agus saoráidí den chéad scoth OT Baile Átha Cliath go mór le heolas agus le réitigh a sholáthar a théann i bhfeidhm go mór. Feidhmíonn ár nInstitiúidí, Ionaid agus Grúpaí Taighde thar raon disciplíní agus tá an Ollscoil ina hóstach freisin ar dhá Thairseach Teicneolaíochta, CREST agus MiCRA, a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Tá OT Baile Átha Cliath ina comhpháirtí freisin i roinnt Lárionad Taighde FEÉ:- ADAPT, Connect agus MaREI.


Ó ceapadh é, dhírigh OT Baile Átha Cliath ar a cumas taighde a fhorbairt agus lean sí ag cur lena haschur scolártha go bliantúil (Bunachar Sonraí Scopus[11]). Tá tionchar suntasach ag taighde OT Baile Átha Cliath, agus Tionchar Lua Ualaithe de Réir Réimse (FWCI) de 1.6612 ag baint leis[12]. Maidir le taighde a dhéantar ann, tá cumas nach beag ag OT Baile Átha Cliath sna réimsí ETIM (Figiúr 5). É sin ráite, déantar neart oibre scolártha sna healaíona cruthaitheacha agus taibhealaíona in OT Baile Átha Cliath freisin, obair nach gcuirtear san áireamh i mbunachair sonraí foilseacháin.

*Figiúr 5: Foilseacháin OT Baile Átha Cliath le ISCED 2020-2022*




Léiríonn comhréir na ndámhachtainí taighde arna maoiniú go seachtrach ag ISCED gníomhaíocht na hOllscoile in ETIM (Figiúr 6) ach tháinig méadú suntasach ar an maoiniú dámhachtana i réimsí na nEalaíon 7 na nDaonnachtaí agus an Ghnó in 2022. Ar an iomlán, mhéadaigh OT Baile Átha Cliath maoiniú seachtrach 38% le trí bliana anuas (Tábla 5).

*Figiúr 6: Dámhachtainí Taighde OT Baile Átha Cliath de réir Réimse ISCED 2021/2022*




*Tábla 5: Dámhachtainí Taighde OT Baile Átha Cliath 2022, de réir Gníomhaireacht Maoiniúcháin*

| Maoinitheoir | 2022 (€000anna) | % Athrú Sa Tréimhse 2020 - 2022 |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia 7 Mara | 682 | 241% |
| Coimisiún an AE | 1,611 | -49% |
| Fiontraíocht Éireann | 727 | -67% |
| Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais | 1,843 | 273% |
| HRB | 138 | 100% |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 307 | -38% |
| Tionscal | 24 | -97% |
| Daonchairdeas/ Carthanas | 48 | 155% |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 11,485 | 150% |
| Eile | 54 | -86% |
| **Iomlán** | **16,920** | **38%** |


11 Scopus
12 Sainmhíniú Elsevier ar FWCI

# 2022 Samplaí dár gcuid Oibre Taighde

### Plasma PLUS: Fionnachtain Teiripí Plasma-Chuid-ithe le haghaidh Ailse

Is í an ailse is cúis le 10 milliún bás gach bliain agus tá go leor cineálacha ailse fós ann atá an-deacair a leigheas. I gcomhpháirtíocht le COBÁC agus Ollscoil Mhá Nuad, bronnadh €1 milliún ar OT Baile Átha Cliath in 2022 chun taighde ceannródaíoch a threorú i gcóireáil phlasma-chuidithe ó Chlár FEÉ Teorainneacha don Todhchaí. Bainfidh an taighde úsáid as teicneolaíocht ar a dtugtar plasma fuar agus díreofar ar:- drugaí ailse a ghníomhachtú laistigh de chealla ailse inchinne; drugaí ailse nua a dhearadh agus a thástáil a bhfuil airíonna gníomhachtaithe níos fearr acu; agus bratuithe sailleacha a fhorbairt chun díriú go sonrach ar chealla ailse. Is é an buntáiste a bheidh ann ná drugaí cliste a bhfuil éifeachtúlacht níos fearr acu agus tocsaineacht laghdaithe.

*Foireann Taighde: An tOllamh James Curtin (OT Baile Átha Cliath), an tOllamh Paula Bourke (COBÁC), an tOllamh John Stephens (OM), an Dr Gemma Kinsella (OT Baile Átha Cliath) agus an Dr Daniela Boehm (COBÁC)*




### Plean Ullmhachta do Bheathú Naíonán agus Leanaí Óga in Éigeandálaí

Ní mór cothú ár ndaonra is leochailí, leanaí, a chosaint i gcásanna éigeandála. In 2022, fuair an Dr Liz O'Sullivan agus an Dr Aileen Kennedy ó Scoil na nEolaíochtaí Bitheolaíochta, Sláinte agus Spórt maoiniú faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas ar Oileán Comhroinnte chun Plean Ullmhachta do Bheathú Naíonán agus Leanaí Óga in Éigeandálaí a fhorbairt d'oileán na hÉireann. I gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, tá an Dr O'Sullivan agus an Dr Kennedy ag déanamh taighde eimpíreach i measc gairmithe cúraim sláinte agus teaghlaigh chun na sainriachtanais chothaitheacha atá ag naíonáin agus leanaí óga le linn éigeandálaí a thuiscint, le béim ar leith ar fhodhaonraí imeallaithe. Forbróidh siad freisin cás-staidéir chun foghlaim ó imeachtaí le déanaí lena n-áirítear an Breatimeacht, an Phaindéim COVID-19 agus an cogadh san Úcráin. Leis an mbagairt atá le teacht ó athrú aeráide agus méadú gan stop ar líon na n-éigeandálaí daonnúla, tá ábharthacht níos mó ná riamh ag taighde den sórt seo.

NORTH SOUTH RESEARCH PROGRAMME

### Saotharlann Taighde Aeir Shoghluaiste

Fuair Institiúid Inbhuanaitheachta Comhshaoil agus Sláinte (ESHI) OT Baile Átha Cliath maoiniú ó Bhonneagar Taighde FEÉ i mí na Nollag 2022 chun Saotharlann Taighde Aeir Shoghluaiste (MARL) a bhunú in OT Baile Átha Cliath. Meastar go mbíonn 400,000 bás réamhaibí mar gheall ar dhroch-chaighdeán an aeir san Eoraip gach bliain. Tarlaíonn 1,300 de na básanna sin in Éirinn. Saotharlann uathúil shoghluaiste a bheidh i MARL a sholáthróidh faisnéis chuimsitheach ar cháilíocht an aeir do raon páirtithe leasmhara, agus an bealach á réiteach aige do mheastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha, i gcomhréir lenár mbeartais náisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht athraithe aeráide agus aer glan.




Foireann Ethics4EU

### Perform_Live

I mí an Mhárta 2022, d'óstáil an tOllamh Una Hunt ó Conservatoire, OT Baile Átha Cliath Perform_Live, an chéad taighde taibhithe ceoil riamh ar thacaigh an Ceoláras Náisiúnta leis. Is coincheap sách nua é taighde taibhithe in Éirinn ina dtugann taibheoirí gníomhaíochtaí idirnasctha i dtaighde agus i dtaibhiú araon agus ina gcruthaíonn siad aschuir ilmheán. Bhí beagnach 90 ealaíontóir as gach cearn den Eoraip páirteach san imeacht. Bhunaigh an tionscnamh seo pobal leasa in Éirinn agus níos faide i gcéin..




An tOllamh Una Hunt i dteannta an Ollaimh Helen Phelan, cathaoirleach ar Phlé Comhchéime ag PERFORM_LIVE

### Ethics4EU

Tá iniúchadh déanta ag Ethics4EU ar thionchair shochaíocha na dteicneolaíochtaí ríomhaireachta. Ba í Dympna O'Sullivan an Príomhthaighdeoir ar an tionscadal Erasmus+ €450K seo a chríochnaigh in 2022 leis na haschuir seo a leanas:

- Suirbhé ar 60 Ollscoil Eorpach chun tuiscint a fháil ar a mhéid a mhúintear Eitic Ríomhaireachta ar fud na hEorpa;
- Ardán oscailte acmhainní oideachais chun Eitic Ríomhaireachta a theagasc;
- Modúl oiliúna creidiúnaithe chun léachtóirí sa Ríomheolaíocht a oiliúint san Eitic Ríomhaireachta;
- Comhphobal Cleachtais de léachtóirí ar fud na hEorpa agus breis agus 200 ball páirteach ann.

Forbróidh Ethics4EU curaclaim nua, dea-chleachtais agus acmhainní foghlama don eitic dhigiteach do mhic léinn na ríomheolaíochta. Tá an cuibhreannas tar éis na hacmhainní a scaipeadh go forleathan trí fhoilseacháin, sé imeacht iolraitheora ar ar fhreastail beagnach 400 duine, cainteanna ar tugadh cuireadh go hidirnáisiúnta freastal orthu, ceardlanna agus labhairt ag painéil.



## An Uaillmhian Againn

Déanfaimid comhthionchar a sheachadadh chun an ollscoil is nasctha a fhorbairt; ag cothú líonra fionnachtaithe, cruthaitheoirí agus fiontraithe; caidrimh a chothú le daoine ar daoine gnímh iad.

# Comhpháirtíocht

**Sa bhliain 2022...**

### Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte don Domhan

- os cionn 12M íoslódáil de thaighde rochtana oscailte ó Arrow
- » rinneamar ceiliúradh ar 15 bliana nuálaíochta in OT Baile Átha Cliath
- tacaíodh le 147 fiontraí trí New Frontiers

### Líonra Dlúth

- chuireamar foghlaim bunaithe ar chleachtas, bunaithe ar thaighde ar fáil trínár líonra comhpháirtíochtaí tionscail, pobail agus acadúla

### A bheith Domhanda

- d'fhás mic léinn idirnáisiúnta 12%
- comhchuibhiú churaclaim EUt+ a chuir ar chumas chohórt mac léinn den chéad uair riamh bogadh gan stró idir 8 gcampas Eorpacha

### Éifeachtacht Eagraíochtúil

- Aistríodh chuig 5 dhámh nua

# 3.1 COMHPHÁIRTÍOCHT

## Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte don Domhan

> **"Táimid tiomanta d'fháisnéis a fhorbairt agus a roinnt go hoscailte, sineirgí á gcruthú le comhpháirtithe againn chun an oiread tionchair agus is féidir a bheith againn"**

Tá OT Baile Átha Cliath ag tacú lenár n-éiceachóras nuálaíochta agus ag neartú ár gcomhoibrithe fiontraíochta chun líon na dteicneolaíochtaí nua, na dtáirgí nua agus na ngnólachtaí nua a chruthaítear a mhéadú. Táimid ag tacú freisin le timpeallacht ina bhfuil an eolaíocht oscailte mar ghnáthchleachtas, ar an tuiscint nach réiteofar na saincheisteanna domhanda atá roimh shochaí na linne seo ach ar scáth a chéile, agus sinn ag roinnt eolais agus saineolais lena chéile.

## EOLAÍOCHT OSCAILTE

Tá OT Baile Átha Cliath i mbun Taighde Oscailte agus Eolaíocht Oscailte le roinnt blianta anuas agus tá Aonad Tacaíochta Taighde Oscailte tiomnaithe aici. In 2022, cuireadh leis an bhfoireann agus chuir sí sraith modúl oiliúna ar fáil don phobal taighde lena n-áirítear rochtain oscailte, bainistíocht sonraí taighde agus athbhreithniú litríochta.

Tá ag éirí thar barr le taisclann na hOllscoile, Arrow, agus beagnach milliún íoslódáilte uaithi in 2022 amháin. Tá OT Baile Átha Cliath ar thús cadhnaíochta maidir le taighde oscailte sa Chomhghuaillíocht Eorpach d'Ollscoileanna Teicneolaíochta (EUt+). agus is ar Arrow a fhaightear Teach Foilsitheoireachta EUt+, a seoladh i mí Iúil 2022 agus ceithre theideal foilsithe aige cheana féin.




## NUÁLAÍOCHT OSCAILTE

Tá OT Baile Átha Cliath ar cheann de na hollscoileanna is mó le rá in Éirinn ó thaobh ár réimse nuálaíochta de. Tugann an Ollscoil tacaíocht don nuálaíocht ar thrí bhealach:- (i) trína hOifig Nuálaíochta le haghaidh fiontair níos seanbhunaithe; (ii) trí New Frontiers a thacaíonn le fiontraithe luathchéime; agus (iii) trí GROWTHhub le haghaidh nuálaíochta agus fiontraíochta i measc mac léinn.

### (i) Oifig Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath: Fiontair Sheanbhunaithe

Rinne Oifig Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath, a bhfuil duaiseanna buaite aici, 15 bliana de nuálaíocht a cheiliúradh i mí Iúil 2022. Mar chuid den cheiliúradh, reáchtáil an Ollscoil na Dámhachtainí Nuálaíochta Tionchair chun nuálaithe OT Baile Átha Cliath agus an méid a chuireann siad le saol eacnamaíoch an réigiúin a cheiliúradh. Cuireann an Ollscoil raon áiseanna agus seirbhísí ar fáil lena n-áirítear saoráidí gorlainne gnó den scoth; tionscnamh ceannródaíoch Open Labs, a thugann rochtain d'eagraíochtaí ar na saoráidí agus an saineolas is fearr ar domhan; agus rochtain do thaighdeoirí trínár ngeataí teicneolaíochta. Ó 2007 i leith, tá 44 mac-chuideachta seolta ag OT Baile Átha Cliath, lena n-áirítear Kastus®, Micron Agritech agus Ocumetra ar éirigh thar barr leo.

| Portfóilió Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath 2007-2022 |
|---|
| 550 tionscadal comhoibrithe tionscail |
| €200M d'ioncam saothraithe |
| €230M d'infheistíocht chothromais |
| 44 Mac-Chuideachta OT Baile Átha Cliath |
| 226 Comhaontú Ceadúnais |
| 136 Iarratas Paitinne comhdaithe |
| 578 Nochtadh Aireagáin |
| 35 Paitinn Deonaithe |



Buaiteoirí Dámhachtainí Tionchair Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath

*Ó chlé go deas: an Dr Sive Geoghegan, Bainisteoir Geata ag MiCRABiodiagnostics; an tOllamh James Loughman, Stiúrthóir Bunaithe agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Ocumetra; An tOllamh Ian Flitcroft, Stiúrthóir Bunaithe agus Príomhoifigeach Nuálaíochta ag Ocumetra agus John Walsh, Bunaitheoir CreateLAB OT Baile Átha Cliath*

### Aistriú Eolais

Ón am a bunaíodh í, tá OT Baile Átha Cliath fós chun tosaigh i go leor gnéithe den nuálaíocht. Is cuibhreannas é Cuibhreannas Nuálaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRIC), atá faoi cheannas OT Baile Átha Cliath, a chuimsíonn IADT, NCI agus DIAS. Tacaíonn sé le forbairt táirgí agus cuideachtaí nua, rud a théann i bhfeidhm ar bhealach nithiúil i réigiún Bhaile Átha Cliath. In 2022, de na cuibhreannais Institiúidí Ardoideachais in Éirinn ar fad, tháinig an líon is mó de cheadúnais, roghanna agus comhaontuithe agus nochtadh aireagáin as DRIC. Soláthraítear miondealú ar aschuir Aistrithe Eolais in aghaidh €10M de chaiteachas i dTábla 6.

***Tábla 6: Feidhmíocht DRIC in aghaidh gach €10M de Chaiteachas Taighde 2022***

| Cuibhreannas | LOAs | Mac-chuideachta | RA <€25K | RA €25K-€500K | IDF |
|---|---|---|---|---|---|
| DRIC | 4.75 | 0.75 | 7.75 | 5.5 | 8.25 |

# 2022 Samplaí dár nAistriú Eolais



Pearson Milking Technology - Buaiteoir Foriomlán Láithreach Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann

I mí Mheán Fómhair, ba é Pearson Milking Technology buaiteoir iomlán Dámhachtain Láithreach Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann 2022. Is príomh-mhéadrach é an t-aireagán nua, Scór Coinníll Coirp (BCS) chun folláine an ainmhí a mheas chomh fada agus a bhaineann sé le hiad a bheith ró-éadrom nó ró-throm. Trí BCS an ainmhí a mheas go huathoibríoch, is féidir forlíontaí aiste bia a choigeartú, rud a chinntíonn go mbíonn togha na sláinte ag an mbó i gcónaí. Tá sé tábhachtach an riocht idéalach seo a choinneáil le go n-éireoidh leo lao a bhreith agus dá bharr sin bainne a thál. Go traidisiúnta, is próiseas dlúthshaothair de láimh é seo a éilíonn saineolaí ar an láthair. Ba chomhthionscadal é seo le hIonad Teicneolaíochta CeADAR de chuid OT Baile Átha Cliath faoi stiúir an Dr Schoen-Phelan agus an Dr Ross ó Scoil na Ríomhaireachta le tacaíocht ó Fhiontraíocht OT Baile Átha Cliath.

Cláir oiliúna réaltachta fíorúla (VR) ag Saotharlann Taighde Idirghníomhach Fhíorúil



D'fhorbair an Dr Brian Vaughan, bunaitheoir an tSaotharlann Taighde Idirghníomhach Fhíorúil agus Léachtóir Sinsearach i Scoil na Meán, cláir oiliúna VR saindeartha do na hearnálacha cógaisíochta, bithchógaisíochta, feistí leighis agus soláthair cheimicigh thar ceann Skillnet Ireland. Go dtí seo, tá triail déanta ag 20 príomhcheannaire tuairimíochta san earnáil cógaisíochta ar thaithí tumoideachais OT Baile Átha Cliath agus thug siad le fios gur mhór an sásamh a bhain siad as. Is é an chéad gharsprioc eile ná an clár oiliúna a rolladh amach i measc oibrithe atá ag feidhmiú sna príomhearnálacha seo.

## (ii) New Frontiers: Fiontraíocht Luathchéime

Is é New Frontiers an clár forbartha fiontraithe náisiúnta, arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann. Tá an clár deartha do bhunaitheoirí uaillmhianacha luathchéime a bhfuil smaointe nuálacha gnó acu. Cuireann an clár ar chumas bunaitheoirí a ngnólachtaí a thabhairt ón gcoincheap go dtí ullmhacht infheistíochta.

I measc na n-earnálacha ina bhfuil OT Baile Átha Cliath tar éis dlús a chur le gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta, tá Bogearraí, Innealtóireacht, Nuálaíocht Bia, Teicneolaíocht Leighis, Teicneolaíocht Airgeadais, Réaltacht Bhreisithe, Réaltacht Fhíorúil, Intleacht Shaorga, Blocshlabhra, Teicneolaíocht na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.

Tugann an Clár tacaíocht don Ollscoil ár sainchúram forbartha réigiúnach a sheachadadh trí thacú le fiontraithe fostaíocht a ghiniúint, de réir scála go hidirnáisiúnta agus tionchar eacnamaíoch a chruthú sna réigiúin ar a bhfreastalaíonn an Ollscoil.

| **Léargas ar New Frontiers de chuid OT Baile Átha Cliath 2022** |
|---|
| Tacaíodh le 147 Bunaitheoir san iomlán in 2022 |
| Mná ab ea 72 bunaitheoir; Fir ab ea 84 bunaitheoir; Bhí bunaitheoir amháin neamh-dhénártha |
| D'éirigh le bunaitheoirí New Frontiers de chuid OT Baile Átha Cliath, Aaloka Anant ó Maya Data Privacy agus Karl O'Meara de Pensions Vault, infheistíocht suas le €100,000 an ceann a fháil ó Chiste Réamh-Thosaithe (PSSF) Fhiontraíocht Éireann. |
| Cuid de Bhuaicphointí an Mhaoiniúcháin ó 2022 i leith::<br>- Bronnadh infheistíocht de €725,000 ar ProMotion Rewards (Comhbhunaitheoir Lauren O Reilly)<br>- Bronnadh infheistíocht de €800,000 ar Imvizar (Bunaitheoir Michael Guerin)<br>- Bhronn Comhlacht Infheistíochta Cothromais na Stát Aontaithe $10 milliún ar Equine MediRecord (Bunaitheoir Pierce Dargan)<br>- Bronnadh infheistíocht de €1.5 milliún ar VisionR, Glimpse roimhe seo, (Comhbhunaitheoir Shane O'Sullivan)<br>- D'éirigh le Positive Carbon (Comhbhunaitheoir Aisling Kirwan) tacaíocht infheistíochta a fháil ón ngnólacht Gearmáinis Venture Capital APX<br>- Chuir Hiiker (Bunaitheoir Paul Finlay) babhta síolta €500,000 i gcrích<br>- D'fhógair Sea and Believe, Plantruption roimhe seo, (Bunaitheoir Jennifer O'Brien) babhta infheistíochta de €3 mhilliún<br>- Fuair Thanks Plants (Bunaitheoir Aisling Cullen) infheistíocht de €400,000 ó Redesdale |

# Samplaí d'Fhiontraithe Luathchéime 2022

Is iar-chliant Mhol an Ghlasbhealaigh é Pierce Dargan, ó Equine MediRecord, agus iarchéimí de Chlár Chéim 2 2017. Is ardán líonra-bhunaithe é Equine MediRecord, a dhéanann digitiú ar an tionscal eachaí le bainistiú na ngnéithe rialála de leigheas capall rása. Tá na bogearraí ceadaithe ag rialtóirí eachaí i dtíortha ar nós Éire, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe agus an Araib Shádach agus tá roinnt de na heagraíochtaí capall is fearr ar domhan tar éis a úsáid. In 2022, ghnóthaigh an chuideachta teicneolaíochta eachaí $10 milliún ó ghnólacht cothromais phríobháidigh sna Stáit Aontaithe chun a fhás a mhaoiniú agus chun glacadh lena ardán comhlíonta a thiomáint. Bronnadh an Gnólacht Nuathionscanta Teicneolaíochta is Fearr in Éirinn ar Equine MediRecord in 2022 ag na Dámhachtainí Náisiúnta do Ghnólachtaí Nuathionscanta.



Pierce Dargan ó Equine MediRecord



Bhain Lauren O'Reilly, ó ProMotion Rewards Céim 3 amach de chlár New Frontiers de chuid OT Baile Átha Cliath i mí Bealtaine 2022. Comhbhunaithe le Bidemi Afolabi, cuireann an t-ardán luach saothair tomhaltóra seo ar chumas comhpháirtithe branda idirghníomhú go díreach le ceannaitheoirí a gcuid táirgí. Cruthaíonn meicníocht shimplí admhálacha a uaslódáil luach saothair ábhartha do thomhaltóirí agus bailíonn sé léargais dhoimhne d'úinéirí branda. Is é an sprioc atá acu a bheith ar an rogha aip luach saothair tomhaltóra. In 2022, d'éirigh le ProMotion Rewards teacht ar chomhaontú le brandaí ilnáisiúnta i dtaobh roinnt príomh-chomhpháirtíochtaí agus bailíodh infheistíocht de €700,000 in 2022.



Lauren O'Reilly ó ProMotion Rewards

Bhain Shane O'Sullivan, ó VisionR, Céim 2 amach de chlár New Frontiers de chuid OT Baile Átha Cliath in 2018. Bunaithe i gcomhar le Oran Mulvey, tugann an chuideachta teicneolaíochta anailíse lucht spéise léargais ar mhórán sonraí do mhiondíoltóirí atá suite i bhfoirgneamh ar iompar a gcustaiméirí sa siopa. Ag baint úsáid as a gcóras Scout, déanann VisionR sonraí a thochailt go díreach ó shiopadóirí agus iad ag dul thart i siopaí, ag cumhachtú miondíoltóirí le léargais fíor-ama chun a gcinntí agus a n-ioncam a uasmhéadú. Tá comhpháirtíocht faighte ag VisionR le Spar International chun a dteicneolaíocht a rolladh amach i 13,500 siopa i 48 tír. In 2022, bhailigh an chuideachta teicneolaíochta um léargais custaiméirí €1.5 milliún i mbabhta a bhí faoi cheannas Delta Partners agus chuaigh Fiontraíocht Éireann i bpáirt leo ina dhiaidh sin.




Shane O'Sullivan agus foireann ó VisionR

## (iii) GROWTHhub: Fiontraíocht Mac Léinn

Is tionscnamh de chuid HCI Piléar 3[13] é GROWTHhub a bhfuil sé mar mhisean aige fás agus meon fiontraíochta a spreagadh i measc mac léinn agus foghlaimeoirí atá bunaithe ar fhiontraíocht in OT Baile Átha Cliath. Soláthraíonn an clár grodchúrsaí agus cláir luathaithe chun foghlaim ó thaithí a chruthú do mhic léinn.

I mí na Bealtaine 2022, cuireadh tús le clár fiontraíochta luathaithe mic léinn, ivenTUre, a mhair cúig seachtaine. De bharr an chláir fuair 45 mac léinn Teastas FGL i nDearadh Fiontair Nua chun a gcuid smaointe fiontraíochta a fhorbairt go dtí go bhfuil siad réidh le pitseáil. Ba é Smoothscan an dearadh táirgí a bhuaigh, gléas a fhónann do ghortú athstraidhneála a laghdú do shonagrafuithe. Ina theannta sin, bhí mic léinn in ann oibriú ar a gcuid smaointe fiontraíochta ar Venture Lab. Leis an gclár cumaisc agus creidiúnaithe seo thug mic léinn a gcuid smaointe trí gach ceann de na céimeanna de dhearadh fiontair nua thar thréimhse seimeastair. Ag deireadh 2022, sheol GROWTHhub a Chlinic Smaointe agus Pitseáil Fiontraíochta, áit inar féidir le mic léinn a gcuid smaointe a roinnt agus aiseolas agus treoir a fháil.

Chomh maith le bheith ag obair le mic léinn OT Baile Átha Cliath, cuireadh GROWTHhub i gceannas ar EIT ClimateKIC ClimateLaunchpad, a d'oibrigh le rannpháirtithe ó cheann ceann na hÉireann. Aithnítear sa chomórtas domhanda seo go bhfuil an cumas ag smaointe fiontraíochta nua a bheith rathúil ó thaobh tráchtála de agus tionchar dearfach a bheith acu ar ghníomhaíocht aeráide trí astuithe carbóin a laghdú. D'oibrigh GROWTHhub le rannpháirtithe a raibh 23 smaoineamh gnó acu, agus é ag cur oiliúna agus ag déanamh meantóireachta orthu. Chuaigh cúig smaoineamh gnó ar aghaidh chuig an gcluiche ceannais náisiúnta, agus chuaigh foireann amháin ar aghaidh chuig an gcluiche ceannais domhanda.

Físeán Réamhrá ivenTUre




## Sampla d'Fhiontraíocht Mac Léinn 2022

Is scéal rathúil é Born Again Bites by Well Spent Grain a d'eascair as an ClimateLaunchpad. Chruthaigh Sunkyung Choi agus Patrick Nagle gnólacht nuathionscanta uaschúrsála bia trí ghráinní caite a bhailiú ó ghrúdlanna áitiúla agus é a thiontú ina tháirge sneaiceanna próitéin atá 100% bunaithe ar phlanda. Táthar ag súil a gcuid táirgí a thráchtálú agus a dhíol in ollmhargaí go luath amach anseo. Ghlac an fhoireann páirt in ClimateLaunchpad 2022 agus faigheann siad tacaíocht anois ó ghorlann Hothouse de chuid OT Baile Átha Cliath, agus iad ag cur barr feabhais ar a n-oideas agus ar a bpróiseas táirgthe i gcomhar le taighdeoirí OT Baile Átha Cliath.



Sunkyung Choi ó Well Spent Grain

13 Tionscnamh Caipitil Daonna, Piléar 3

# 3.2 COMHPHÁIRTÍOCHT

## Líonra Dlúth

**"Táimid tiomanta do rudaí nua a thionscnamh trínár dtreallús agus samhlaíocht a chur i bhfeidhm orthu i ndlúthchomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara"**

Tá OT Baile Átha Cliath i gceannas ar líonra saoráideach foghlama agus ag baint leas as sineirgí trínár gcomhpháirtíochtaí fairsinge. Tacaíonn ár dtiomantas do chláir gnó comhthaighde agus tacú le seachadadh réitigh chruthaitheacha atá inbhraite sa saol réadúil.

In OT Baile Átha Cliath, feidhmíonn suas le 200 clár acadúla i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla, Springboard, Skillnet, tionscal príobháideach, agus eagraíochtaí pobail agus earnála poiblí. D'éirigh le tairiscint a rinne OT Baile Átha Cliath ar mhaoiniú ón Tionscnamh Caipitil Daonna (HCI 3)[14] in 2020, agus fuarthas dámhachtainí de bhreis is €20m. Agus iad ag dul ar aghaidh go fóill, díríonn na tionscnaimh ar chur le hacmhainneacht san ardoideachas d'fhonn freastal ar riachtanais scileanna tosaíochta. Ar fud na dtrí phríomhthionscadal atá á stiúradh ag OT Baile Átha Cliath ar Convene, GrowthHub agus Curaclaim Dearaidh Athléimnigh, tá breis agus 85 comhpháirtí fiontraíochta rannpháirteach.

Leanann OT Baile Átha Cliath ar aghaidh ag tairiscint cláir céime, cláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach nó cúrsaí oiliúna i gcomhar le ceannródaithe earnála idirnáisiúnta agus náisiúnta amhail an tAcadamh Ibeirneach Ríoga, Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla, Fís Éireann, an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach, Cumann Tionscal Bithchógaisíochta Shanghai, Climate Launchpad, SGS agus Aerchór na hÉireann, i measc ceannródaithe eile.

Tarraingítear aird thíos ar roinnt comhpháirtíochtaí a forbraíodh in 2022.

### Athchóiriú an Ardoideachais i ndiaidh na Paindéime

Tá ollscoileanna teicneolaíochta na hÉireann agus institiúidí teicneolaíochta na hÉireann ag comhoibriú ar leasuithe teagaisc agus foghlama a eascraíonn as an taithí a fuarthas ar oideachas le cuidiú digiteach le linn na paindéime COVID-19. Bronnadh maoiniú ar an gcuibhreannas faoi NTUTORR (Claochlú na hOllscoile Teicneolaíochta Náisiúnta le haghaidh Téarnaimh agus Athléimneachta). Is iad seo a leanas na príomhshnáitheanna oibre laistigh den tionscadal

(i) Eispéireas na Mac Léinn a Athrú trí Fhoghlaimeoirí a Chumasú – a thabharfaidh aghaidh ar na príomhdhúshláin a eascraíonn as an bpaindéim lena n-áirítear comhionannas, rochtain, cumasú pobail agus gníomhú ar son na haeráide.

(ii) An Fhoghlaim, an Teagasc agus an Measúnú a Chlaochlú trí Ábaltachtaí Foirne a Fhorbairt – a athchóireoidh soláthar clár acadúil trí chur chuige solúbtha nuálaíoch a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha an réigiúin trí chreat curaclaim inbhuanaithe.

(iii) Éiceachórais Dhigiteacha a Chumasú chun an Fhoghlaim, an Teagasc agus an Measúnú a Athrú - chun forbairt inbhuanaithe oideachais a chumasú, atá éagsúil, cothrom agus cuimsitheach.

### Acadamh Fiontraíochta um Fhorbairt Tallainne

Agus é ina chomhoibriú idir OT Baile Átha Cliath agus COBÁC, tá Convene fós i mbun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua inar féidir leis an saol acadúil agus fiontraíocht oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn i ndiaidh na paindéime. I mí Dheireadh Fómhair, sheol OT Baile Átha Cliath a Acadamh Fiontraíochta, gársprioc shuntasach sa tionscadal. Tá córas nua comhfhoghlama á thairiscint ag an Acadamh chun daoine tréitheacha a fhorbairt, ina bhfuil córais sheachadta sholúbtha ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 agus micridhintiúir ar féidir iad a chruachadh mar bhealaí chuig dámhachtainí níos mó. Tá foireann an Acadaimh comhdhéanta de dhaoine gairmiúla oilte a bhíonn ag plé go díreach leis an earnáil, acadóirí agus saineolaithe fearainn, a chuireann acmhainní comhairliúcháin agus comhpháirtíochta ar fáil d'fhiontair chun réitigh forbartha tallainne a chomhfhorbairt.



Fóram Acadamh Fiontraíochta Convene leis an Tánaiste Leo Varadkar agus aíonna.

### Ionad Barr Feabhais na hAiltireachta, na hInnealtóireachta agus na Foirgníochta

Tá roinnt rannpháirtithe tionscail suntasacha tar éis dul i gcomhpháirtíocht le OT Baile Átha Cliath i bhforbairt Dearadh + Tógáil. Beidh Dearadh + Tógáil ina lárionad barr feabhais don earnáil Ailtireachta, Innealtóireachta agus Tógála (AEC). Tá sé mar aidhm aige tacú le hathrú digiteach an tionscail agus torthaí foghlama inbhuanaithe a neadú i gcláir oideachais ó Phrintíseacht go PhD. I measc na n-eagraíochtaí páirteach ann tá cinn faoi úinéireacht Éireannach agus ceannairí domhanda agus cuireann siad saineolas ar fáil faoi ábhair amhail insliú agus tomhas beacht agus réitigh sreabhaidh oibre.

- Thairg Topcon síntiús daonchairdiúil de €500,000 agus síntiús trealaimh arbh fhiú €1.5 milliún é i luach an mhargaidh. Tá an eagraíocht ag tacú leis an Ollscoil coinneáil suas leis na hathruithe gasta ar ardtheicneolaíochtaí d'oiliúint phraiticiúil trína tionscnamh "Foghlaim-Cuir i bhFeidhm-Tógáil" (LAB).

- Tá Collen Construction ag comhoibriú le OT Baile Átha Cliath chun cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt a fhorbróidh na tacair scileanna a theastaíonn ó earnáil tógála na hÉireann chun fanacht iomaíoch ar fud an domhain. Beidh Ceardlann Collen lonnaithe i Dearadh + Tógáil mar chuid den chomhpháirtíocht cúig bliana seo.

- Bhronn eagraíochtaí Éireannacha Chadwicks Group €250,000 agus thairg Walls Construction síntiús agus scoláireacht chun cabhrú le píblíne tallainne a thógáil. Agus d'fhógair an ceannaire domhanda Kingspan a chéad dámhachtain Scoláireachta Kingspan Century mar chuid dá gcomhpháirtíocht cúig bliana.



Comhpháirtithe Dearadh + Tógáil, Chadwicks Group, le mic léinn OT Baile Átha Cliath

### Ardoiliúint ag an Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta

D'aontaigh Scope, an phríomhchuideachta cúraim súl, comhpháirtíocht deich mbliana le OT Baile Átha Cliath chun raon gníomhaíochtaí nuálacha oideachais a fhorbairt do mhic léinn Optaiméadrachta agus Dáiliúcháin Oftalmacha. Chomh maith leis sin bhronn siad €150,000 mar thacaíocht dhaonchairdiúil ar Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta OT Baile Átha Cliath. Ina theannta sin, d'aontaigh SPECSAVERS, gnó teaghlaigh idirnáisiúnta, sainmheantóireacht a sholáthar do mhic léinn radharceolaíochta OT Baile Átha Cliath chun eolas praiticiúil agus léargas a fháil ar thionscal na radharceolaíochta. Is lárionad úrscothach saintógtha é an Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta chun ardoiliúint a chur ar mhic léinn radharceolaíochta. Is í an t-aon tsaoráid dá leithéid sa tír í.



Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta OT Baile Átha Cliath

### Nuálaíochtaí i dTeicneolaíocht Leighis

D'infheistigh an chuideachta cúraim sláinte domhanda Wassenburg Medical Ireland €280,000 i dtrealamh in OT Baile Átha Cliath chun saoráid úrscothach um Dhí-éilliú Feistí Leighis (MDD-Hub) a bhunú ar champas suaitheanta na hOllscoile i nGráinseach Ghormáin. Is sraith oiliúna saindeartha é MDD-Hub chun cleachtas oibre aonad steirilithe feidhmiúil i dtimpeallacht cúraim sláinte a léiriú. Is é seo an chéad saoráid oiliúna cleachtas-bhunaithe dá leithéid san ardoideachas agus cuireann sé creat ar fáil don chleachtas is fearr i gcúram sláinte.

Ar leithligh, fuair Scoil Ríomhaireachta OT Baile Átha Cliath maoiniú do Chiste Nuálaíochta na Roinne Fiontair Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar le hOspidéal Ollscoile Thamhlachta (TUH) agus Coláiste na Tríonóide chun aip fóin póca nuálach, SmartCP, a fhorbairt. Ligfidh an aip d'othair a bhfuil paincréitíteas ainsealach orthu comharthaí atá ag dul in olcas a thuairisciú ionas gur féidir le dochtúirí idirghabháil a dhéanamh níos luaithe chun torthaí níos fearr a bhaint amach.



Tugann Wassenburg Medical cuairt ar OT Baile Átha Cliath chun a gcomhpháirtíocht a fhógairt

14 Tionscnamh Caipitil Daonna an ÚAO

## For-rochtain Phobail

Oibríonn clár, a bhfuil duaiseanna buaite aige, OT Baile Átha Cliath do Mhic Léinn ag Foghlaim le Pobail i gcomhar le léachtóirí agus le comhpháirtithe pobail chun tionscadail fhíorshaoil a dhearadh a thugann aghaidh ar na SFIanna. Tá na tionscadail Taighde agus Foghlama sa Phobal (CERL) bunaithe ar an gcuraclam agus tá creidiúint ag dul dóibh. In 2022 is samplaí iad seo a leanas de thionscadail CERL ar tugadh fúthu:

- D'oibrigh mic léinn na dara bliana ar an BA i gCúram Sóisialta le haonad Sláinte ⁊ Folláine an FSS. Forbraíonn mic léinn Foireann Uirlisí don FSS le húsáid agus i mbun acmhainní nua a fhorbairt, nó i mbun acmhainní atá ann cheana féin a phromhadh, ar mhaithe le galair ainsealacha a fhéinbhainistiú, lena chinntiú go bhfuil siad ilchineálach agus cuimsitheach ó thaobh an chultúir de.

- D'oibrigh mic léinn na dara bliana ar an mBaitsiléir Eolaíochta in Anailísíocht Ghnó le PACE Social Enterprise mar chuid dá modúl Ionsamhlú le haghaidh Anailísíocht Ghnó chun córas anailíse a fhorbairt chun an eagraíocht ghnó a shamhaltú agus a ionsamhlú chun feidhmíocht an chórais agus an próiseas cinnteoireachta a fheabhsú.

- D'oibrigh mic léinn na dara bliana a rinne an modúl Scileanna Gairmiúla ar an mBaitsiléir Eolaíochta sa Cheimic Leighis agus san Eolaíocht Chógaisíochta chun taighde a dhéanamh agus chun taispeántais agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha eolaíocha a ullmhú a bheadh oiriúnach do dhaltaí bunscoile rang a 5 ⁊ a 6, i gcomhar le Scoil Náisiúnta Naomh Gabriel, Baile Átha Cliath 7.

I mí na Bealtaine, tháinig alumni Scoil Gnó Iarchéime le chéile chun Dúshlán Idéú Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath d'Alumni a dhéanamh, a bhí faoi stiúir GROWTHhub de chuid OT Baile Átha Cliath. Rinne céimithe tobsmaointeoireacht ar réitigh do dhúshláin tiomsaithe airgid a bhí roimh an gCarthanacht sa saol iar-phaindéimeach ina raibh sé níos deacra dul chun cainte le deontóirí. Bhí an ócáid seo ar an gcéad imeacht a bheidh ina ghné rialta d'fhéilire alumni OT Baile Átha Cliath.


Caroline O'Reilly, Bainisteoir Ginearálta ar Workday Analytics le Thomas Stone, Leas-Uachtarán Comhpháirtíochtaí OT Baile Átha Cliath

D'fhógair Workday, ceannródaí i bhfeidhmchláir néil fiontraíochta, comhpháirtíocht nua trí bliana le OT Baile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht an chéad ghlúin eile de nuálaithe teicneolaíochta a chothú trí na bunscileanna a mhúineadh do dhaoine tréitheacha óga chun slí bheatha a bhaint amach in earnáil na teicneolaíochta. Soláthraíonn an gealltanas tosaigh de €450,000 tacaíocht dheonach ó lucht saothair Workday, a bhfuil 1,500 ball foirne ann, ag díriú ar fhorbairt lucht saothair, comhoibriú taighde agus rannpháirtíocht pobail.

Shínigh OT Baile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le príomhsholáthraí seirbhísí néalríomhaireachta, Amazon Web Services (AWS) i mí na Samhna chun comhoibriú ar thionscadail scileanna, inbhuanaitheachta agus cuimsithe a thacaíonn le pobail áitiúla. Díreoidh an comhoibriú ar chláir oideachais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna digiteacha náisiúnta i réimsí ar nós néalríomhaireacht agus oibríochtaí lárionad sonraí agus chun suim i ngairmeacha ETIM a spreagadh i measc daoine óga trí mheantóireacht, haiceatóin, comórtais agus aonaigh. Oibreoidh na heagraíochtaí le chéile ar chláir oiliúna chun deiseanna gairme teicniúla a chruthú sa phobal áitiúil dóibh siúd atá ag iarraidh filleadh ar an áit oibre, agus do ghrúpaí mionlaigh nach mbíonn dóthain ionadaíochta acu go traidisiúnta in earnáil teicneolaíochta na hÉireann.


Tugann Bainisteoirí Rannpháirtíochta Pobail Amazon Web Services (AWS) cuairt ar OT Baile Átha Cliath


Oibríonn alumni de Scoil Gnó Iarchéime OT Baile Átha Cliath le Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath

# 3.3 COMHPHÁIRTÍOCHT
## A bheith Domhanda

"Táimid tiomanta don chuspóir ollscoil teicneolaíochta dhomhanda a dhéanamh de OT Baile Átha Cliath"

Tá OT Baile Átha Cliath ag comhoibriú go gníomhach le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun ár dtionchar a leathnú amach, rochtain a fháil ar chleachtas idirnáisiúnta agus chun ár gcumas oideachais 7 taighde a fheabhsú. Leanann an Ollscoil le hidirnáisiúnú a neadú i ngach gné den Ollscoil.

Tar éis COVID-19, de réir mar a bhí mic léinn in ann taisteal arís, tháinig méadú 12% ar mhic léinn idirnáisiúnta in OT Baile Átha Cliath in 2022 ó aimsir na paindéime, agus iad ag teacht ó bhreis agus 100 tír ar fud an domhain (Figiúr 7).

Cuireann an Ollscoil réimse clár comhchéime/dé/ilchéime ar fáil le 21 ollscoil dhomhanda ar fud na hEorpa agus na hÁise. San áireamh inár gcohórt mac léinn Síneach tá os cionn 1,000 mac léinn ag déanamh staidéar ar chláir chomhoibríocha in institiúidí comhpháirtíochta i Hainan, Shanghai agus Nanjing. Tugtar breac-chuntas ar roinnt samplaí eile de na déchláir seo thíos.

*Figiúr 7: Bunús Mac Léinn Idirnáisiúnta OT Baile Átha Cliath 2021/22*




## EUt+ ag Athchóiriú Ardoideachais san Eoraip

Tá OT Baile Átha Cliath mar chuid den chomhaontas Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa (EUt+), i gcomhpháirtíocht le seacht n-ollscoil teicneolaíochta eile. Tá sé ar cheann de 41 comhghuaillíocht a roghnaíodh ar fud an AE chun páirt a ghlacadh i dtreoirchlár trí bliana, a bhfuil sé mar aidhm aige cáilíocht agus iomaíochas ardoideachais na hEorpa a athrú ó bhonn. Tarraingíodh aird ar éachtaí móra de chuid EUt+ i dtuarascáil mheántéarmach an Choimisiúin Eorpaigh, a eisíodh i mí Bealtaine 2022. I measc na n-éachtaí bhí bunú Oifig Aistrithe Teicneolaíochta EUt+ agus comhchuibhiú na gcuraclam le cur ar chumas an chéad chohórt mac léinn bogadh gan stró idir campais EUt+ ó Fhómhar 2022 ar aghaidh. Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag EUt+ de réir mar a fhorbraíonn sé.

## Comhpháirtíochtaí Domhanda san Oideachas

Tiontaíodh Céim Idirnáisiúnta Ríomheolaíochta OT Baile Átha Cliath, a maoiníodh ar dtús mar chuid den Tionscadal GlobalWorkIT arna mhaoiniú ag an AE, go clár déchéime in 2022. Ullmhaíonn an clár mic léinn le haghaidh fostaíochta sa tionscal domhanda TFC trí chomhthuiscint agus eolas ar shaincheisteanna, teangacha agus cultúir dhomhanda TFC a fheabhsú. Ceanglaíonn an chomhpháirtíocht institiúidí acadúla sa Chóiré Theas, sa tSín, sa Ghearmáin, san Ostair, san Eilvéis, san Ísiltír, san Iorua agus san Fhionlainn, tíortha TFC iad atá ar thús cadhnaíochta go domhanda. Treisíonn sé caidrimh freisin idir na hInstitiúidí Ardoideachais agus cuideachtaí TFC go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.

Caitheann mic léinn OT Baile Átha Cliath seimeastar thar lear i gceann de na hollscoileanna rannpháirteacha agus tá modúl Seomra Ranga Domhanda ar líne a sheachadtar trasna criosanna ama, tíortha agus cultúir ina gcruthaíonn mic léinn tionscadal foirne uathúil. In 2022, tháinig 69 mac léinn go hÉirinn ó thar lear agus thaistil 49 mac léinn Éireannacha thar lear.

## MSc. sa Nuálaíocht Fáilteachais Chun Tosaigh

D'fhorbair agus shínigh OT Baile Átha Cliath comhchlár máistreachta nua MSc sa Nuálaíocht Fáilteachais Chun Tosaigh in 2022, le hOllscoil Eolaíochta Feidhmí ZUYD san Ísiltír agus le hOllscoil IQS in Barcelona, sa Spáinn. Mar chuid den chlár faigheann mic léinn taithí ar bheith ina gcónaí agus staidéar a dhéanamh i dtrí thír faoi seach le linn na dtrí chéim éagsúla den chúrsa. I ndomhan atá ag éirí níos digití in aghaidh an lae, tá stíl nua ceannaireachta ag teastáil in earnáil an fháilteachais a fheidhmíonn thar gach earnáil agus gach gnó. Cuireann an clár eispéireas traschultúrtha iomlán ar fáil mar aon le deis scileanna teanga agus líonraithe a fheabhsú.

## Erasmus+ CIRCLET

In 2022, chríochnaigh an fhoireann Taighde agus Foghlama sa Phobal (CERL) tionscadal trí bliana Comhpháirtíochta Straitéiseach Erasmus+, CIRCLET. Chomhoibrigh OT Baile Átha Cliath le foireann cuibhreannais idirnáisiúnta faoi stiúir Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (RA), chomh maith le bheith ag obair le Corvinus University of Budapest (Ungáir), Open University of Catalonia (An Spáinn) agus Vrije Universiteit na Bruiséile (An Bheilg). Chuir modúl iarchéime ar líne um fhorbairt ghairmiúil saineolas ar fáil do léachtóirí ar conas a gcuid cúrsaí a athshamhlú chun taighde agus foghlaim phobail a neadú ina gcuid clár. Le linn an tionscadail d'oibrigh 104 rannpháirtí acadúla le níos mó ná 3,000 mac léinn agus 165 eagraíocht phobail. Ina theannta sin, rinneadh 53 modúl a athdhearadh mar thoradh ar ár dtaithí foghlama chomhoibríoch.

Mic léinn idirnáisiúnta ón gCóiré atá ag freastal ar Chúrsa Céime Idirnáisiúnta sa Ríomheolaíocht de chuid OT Baile Átha Cliath i mBaile Átha Cliath




# 3.4 COMHPHÁIRTÍOCHT
## Éifeachtach Eagraíochtúil

> **"Táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil oibríochtaí na hOllscoile inbhuanaithe agus fiontraíoch"**


Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath dearadh eagraíochta a sholáthar atá oiriúnach d'ollscoil nua-aimseartha, ceann atá freagrúil ó thaobh cultúir agus struchtúr de agus a chuimsíonn oibríochtaí agus próisis nuálacha chun lúth a bhaint amach.

Ba mhórthionscnamh é an tionscadal Dearaidh Eagraíochta chun struchtúr eagraíochta nua a bhunú agus chun tacú leis an Ollscoil a huaillmhianta a bhaint amach. Críochnaíodh céim mhionsonraithe an dearaidh de thionscadal dearaidh na heagraíochta in 2022. Sa phróiseas rinneadh an-chuid plé le páirtithe leasmhara agus tagarmharcáil idirnáisiúnta chun an struchtúr nua a threorú. Chinntigh an obair fhorleitheadach seo gur chruthaigh OT Baile Átha Cliath ollscoil atá ábhartha agus in ann dul i bhfeidhm ar an saol mór ar mhaithe lenár gcuid mac léinn agus leis an tsochaí. Baineadh garsprioc shuntasach amach i Meán Fómhair 2022 nuair a d'aistrigh an Ollscoil go struchtúr nua ó thaobh Dáimhe agus Scoile de. Leis an struchtúr nua seo bunaíodh 5 dhámh nua agus 25 scoil le tacaíocht ó 10 seirbhís ghairmiúil (Figiúirí 8 agus 9).

*Figiúr 8: Struchtúr Eagraíochta Nua OT Baile Átha Cliath*




*Figiúr 9: Struchtúr Dáimhe OT Baile Átha Cliath*




*(*Á athbhreithniú)*

Chomh maith leis an struchtúr, d'infheistigh an Ollscoil go mór ar chomhtháthú a cuid córas. Cuirfidh comhtháthú chórais Acmhainní Daonna agus na córais airgeadais ar chumas na heagraíochta tuairisciú a dhéanamh go forleathan chun tacú leis an mbainistíocht cinntí a dhéanamh.



# 4. Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach

Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) athbhreithniú tréimhsiúil ar gach institiúid ardoideachais in Éirinn ó thaobh dearbhú cáilíochta agus feabhsaithe de. Tarlaíonn an t-athbhreithniú seo trí phróiseas timthriallach ar a dtugtar CINNTE. Chríochnaigh OT Baile Átha Cliath a céad athbhreithniú CINNTE in 2022.

Tar éis aighneacht féinmheastóireachta a dhéanamh, rinne painéal saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta meastóireacht sheachtrach. I mí na Bealtaine d'fhoilsigh an QQI Tuarascáil Athbhreithnithe Institiúideach OT Baile Átha Cliath 2022, inar mhol an Fhoireann Athbhreithnithe OT Baile Átha Cliath as an dul chun cinn atá déanta aici ó bunaíodh í. Tugadh faoi deara go dtacaíonn na próisis um dhearbhú cáilíochta agus feabhsaithe atá ag OT Baile Átha Cliath lenár dtiomantas do rathúlacht na mac léinn. Soláthraíonn sé próisis láidre chun cáilíocht dámhachtainí na hOllscoile agus ár gcéimithe a chinntiú. Spreagann sé rannpháirtíocht leis an tionscal agus leis an bpobal agus le soláthraithe ardoideachais eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tharraing sé aird freisin ar an bpróiseas cuimsitheach a bhí ar bun ag OT Baile Átha Cliath chun an Cuspóir Straitéiseach a fhorbairt agus an cur chuige atriallach agus comhairleach ar tugadh faoi chun na beartais agus na nósanna imeachta laistigh den Chreat Cáilíochta a fhorbairt. Rinne an tuarascáil roinnt príomh-mholtaí atá leagtha amach i dTábla 7.

***Tábla 7: Moltaí Athbhreithnithe CINNTE***

| |
|---|
| 1. Obair go tapa i dtreo struchtúr 'ollscoil amháin' a chur ar bun, ag fáil réidh le haon dúbláil ar fheidhmeanna ar fud na gcampas agus ár n-aird ar struchtúir agus próisis a shimpliú. |
| 2. Cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le próiseas deartha na heagraíochta a thabhairt chun críche agus struchtúir a bheith i bhfeidhm, agus an gá le comhairliúchán a thuiscint agus aistriú stuama sábháilte a chinntiú sa Dearadh Eagraíochta nua. |
| 3. Tarmligean cuí údaráis agus dílárú acmhainní chuig na dámha agus na scoileanna a chinntiú chun tacú leo athrú, comhdhlúthú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus ar thaighde. |
| 4. Measúnú iomlánaíoch agus oibiachtúil a dhéanamh ar a réimse clár, agus aird á tabhairt ar na riachtanais inniúlachta agus scileanna a bhfuiltear ag súil leo sa tsochaí i gcoitinne agus ar an bpróifíl ar mian le OT Baile Átha Cliath a bhaint amach. |
| 5. Eispéireas mac léinn idirdhealaithe a chruthú do mhic léinn OT Baile Átha Cliath, ina bhfuil an fhís d'ollscoileanna teicneolaíochta le sonrú. |
| 6. Rinneadh moltaí maidir le trí chóras chomhchosúla ach iad éagsúil mar sin féin a thabhairt isteach in aon chreat amháin. |

Thug athbhreithniú CINNTE deis luachmhar do OT Baile Átha Cliath saineolas an phainéil saineolaithe a úsáid chun na gníomhaíochtaí bunathraithe a dhéantar chun tacú le hollscoil nua a dhearbhú agus a fheabhsú. Mar fhreagra ar na príomh-mholtaí ón athbhreithniú, tá Plean Gníomhaíochta Institiúideach curtha i bhfeidhm a thagann le deich bpríomhghníomh i gCuspóir Straitéiseach na hOllscoile. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta faoi bhráid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i mí na Nollag 2022 agus tá sé comhtháite leis an gcéad Phlean Feabhsaithe Cáilíochta Ollscoile (UQEP) de chuid OT Baile Átha Cliath.




# 5. Ráiteas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú don fhoireann agus do mhic léinn i ngach réimse d'obair na hOllscoile. Cuirtear é seo in iúl go foirmiúil i Ráiteas Comhionannais OT Baile Átha Cliath (2019-2022). In 2021, thug an Ollscoil aghaidh ar dhualgas na hearnála poiblí trí chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i ngach gné d'obair na hOllscoile, agus trí phleananna comhdheiseanna a fhorbairt agus a cheadú i réimsí an chomhionannais inscne (lena n-áirítear léiriú inscne agus féiniúlacht), cothromas cine, toiliú agus deireadh a chur le foréigean agus ciapadh gnéasach.

## RÁITEAS COMHIONANNAIS

(a) Tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) tiomanta do chinntiú go léiríonn cuallacht na mac léinn atá ag dul isteach ina cláir ar gach leibhéal, a ghlacann páirt iontu agus a chríochnaíonn a cláir, éagsúlacht agus meascán sóisialta réigiún Bhaile Átha Cliath agus dhaonra na hÉireann. Cuirtear san áireamh sa bheartas rochtana Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 de chuid na NA chun 'Oideachas cuimsitheach agus cothrom den scoth a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách'[15]. Tá an beartas bunaithe ar chultúr na cuimsitheachta ina mbíonn deis chothrom ag gach duine rochtain a fháil ar an oideachas a chuireann sé ar fáil. Tuigeann an Ollscoil go háirithe na dúshláin a bhaineann le páirt a ghlacadh san ardoideachas atá roimh dhaoine ó chúlraí de mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, daoine a bhfuil cumais éagsúla acu, agus daoine ó chodanna den tsochaí atá faoi ghannionadaíocht i measc na mac léinn. Cumasaíonn OT Baile Átha Cliath cothromas rochtana agus oideachais do na grúpaí seo trí bheartas comhtháite a sholáthraíonn raon gníomhaíochtaí réamhiontrála, socruithe iontrála malartacha agus tacaíochtaí iar-iontrála. Tá sé mar aidhm aici freisin eispéireas feabhsaithe agus torthaí dearfacha oideachais a sholáthar do gach mac léinn trí úsáid a bhaint as cuir chuige ar nós Dearadh Uilíoch agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i soláthar oideachais agus seirbhísí, tacaíochtaí agus áiseanna gaolmhara. Tá beartas rochtana na hOllscoile ag teacht go hiomlán leis an bPlean Rochtana Náisiúnta.[16]

(b) Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn i ngach gné dá cuid oibre. Baineann obair chomhionannais na hOllscoile leas as eolas a fháil ó Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, lena n-áirítear SFI 5 'Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumasú'. Tá polasaí na hOllscoile ar chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, á threorú ag an oibleagáid reachtúil aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne, na mac léinn agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.[17] Tá sé tiomanta do chothromaíocht inscne a chinntiú sna príomhchoistí cinnteoireachta. Tá sé mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne i measc na foirne agus na mac léinn i réimsí acadúla agus réimsí feidhme ina bhfuil patrúin thraidisiúnta de cheannasacht fireann nó baineann le fáil. Aithnítear freisin an gá atá le dul i ngleic le gnéithe trasnacha a chuidíonn le neamhionannais a chomhdhlúthú amhail eitneachas, cumas éagsúil, inscne agus féiniúlachtaí eile, agus míbhuntáiste sóisialta. Cloíonn an Ollscoil freisin le beartais dhea-chleachtais reachtúla agus uile-earnála agus cuireann sí i bhfeidhm iad, lena n-áirítear Prionsabail Chairt Athena SWAN[18], moltaí an Údaráis um Ard-Oideachas Athbhreithnithe Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann[19] agus Plean Gníomhaíochta Inscne 2018-2020[20], agus an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí.[21]

15 Spriocanna Inbhuanaitheachta na NA (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)

16 Athbhreithniú ar Phlean Rochtana Náisiúnta an ÚAO (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)

17 Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

18 Cairt Athena SWAN (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)

19 Athbhreithniú Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireannan an ÚAO (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)

20 Plean Gníomhaíochta Inscne 2018-2020 (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)

21 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (rochtain is déanaí ar an 2 Bealtaine 2019)



# 6. Ráiteas Inbhuanaitheachta

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair leis an bhfoireann, le mic léinn agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hinbhuanaitheachta comhshaoil. Cuirtear an gealltanas seo in iúl go foirmiúil i Ráiteas Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath.

## RÁITEAS INBHUANAITHEACHTA OT BAILE ÁTHA CLIATH

Tá an inbhuanaitheacht mar bhonn agus mar thaca ag Cuspóir Straitéiseach 2030 Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Trína trí chrann taca, Daoine, Domhan, agus Comhpháirtíochtaí, is í an Inbhuanaitheacht a chuireann dlús faoinár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'ardoideachais a sheachadadh agus a hoibríochtaí a athrú ó bhonn trí lionsa na hInbhuanaitheachta agus leas á bhaint aici as cur chuige cothrom a dhéanann ár ndomhan a chosaint do na glúine atá le teacht. Is í ár bhfís don Inbhuanaitheacht a bheith mar eagraíocht eiseamláireach, ina bhforbraítear cultúr freagrachta de bharr tuiscint ar eitic mar chineál cleachtais. Trí ghníomhaíochtaí ár ndaoine, lena n-áirítear breis agus 8,000 céimí in aghaidh na bliana, tá ár luachanna soiléir- arna bhfianú ag ár gcuspóir, ár ndúthracht, agus ár gcumas scála agus rochtain a thabhairt laistigh den tionscal agus den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha an fhíorshaoil ar bhealach atá ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na NA.[22]

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'inbhuanaitheacht a neadú i bpleananna, straitéisí, beartais agus oibríochtaí laethúla uile na hOllscoile. Ina theannta sin, agus beann aici ar an ról atá aici sa tsochaí, pléifidh an Ollscoil lenár n-éiceachóras níos leithne de phobail áitiúla, gnólachtaí, agus comhpháirtithe sochaíocha chun eolas, tuiscint agus gníomh a chur chun cinn chun aistriú atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch de a chinntiú chun neodracht aeráide a bhaint amach i dteannta a chéile. Le go mbeidh an tionchar is mó againn ar gach ceann de na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na NA, sainaithnímid trí sprioc le baint amach, inar féidir leis an ardoideachas i gcoitinne agus OT Baile Átha Cliath go háirithe an tionchar is mó a imirt. Agus a fhios againn go bhfuil gach Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) fite fuaite le spriocanna eile, déanfaimid forbairt ar idirspleáchais ghaolmhara trí bhíthin trí sprioc tacaíochta.

### a) OIDEACHAS DEN SCOTH & COMHIONANNAS

| Sprioc Fócais | Sprioc Tacaíochta |
|---|---|
| NA SFI 4 Oideachas den Scoth | NA SFI 5 Comhionannas Inscne |
| Oideachas cuimsitheach agus cothrom ardchaighdeáin a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách. | Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumasú. |

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'oideachas a chur ar ár bhfoireann agus ár gcuid mac léinn agus iad a chumasú le bheith ina saoránaigh atá gníomhach ó thaobh na haeráide de, atá freagrach ar fud an domhain agus a mbíonn dea-thionchar acu ar an saol. Déanfaimid é seo trí 1) inbhuanaitheacht a neadú inár gcuraclam, taighde, agus deiseanna forbartha foirne agus 2) príomhbheartais tacaíochta agus acmhainní tacaíochta a chur i bhfeidhm agus machnamh cúramach a dhéanamh faoi na gníomhaíochtaí ar cheart a fheabhsú.[23]

22 Spriocanna Inbhuanaitheachta na NA (rochtain is déanaí ar an 13 Feabhra 2022)

23 Plean Gníomhaíochta Athena SWAN OT Baile Átha Cliath 2022-2025 (rochtain is déanaí ar an 11 Márta 2022)

Réamh-mheastar beartais agus cleachtais na hOllscoile le beartais agus le creataí an Oideachais Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe, beidh siad ag teacht le Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann[24] agus le tosaíochtaí laistigh de Phlean Straitéiseach Horizon Europe[25], ag cuimhneamh ar dheiseanna do OT Baile Átha Cliath chun tionchar inbhuanaitheachta a sheachadadh in Éirinn.

## b) GNÍOMHAÍOCHT AERÁIDE ⁊ NUÁLAÍOCHT TEICNEOLAÍOCHTA

| Sprioc Fócais | Sprioc Tacaíochta |
|---|---|
| SFI NA 13 Gníomhú ar son na hAeráide | SFI NA 9 Nuálaíocht ⁊ Bonneagar Tionscail |
| Gníomh práinneach a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus a thionchair. | Bonneagar seasmhach a thógáil, tionsclaíocht uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú. |

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do dhul i ngleic le hathrú aeráide agus tionchair dhiúltacha comhshaoil agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a laghdú trínár n-astuithe gás ceaptha teasa a laghdú. Geallaimid go ndéanfar tomhas, monatóireacht agus pleanáil go gníomhach le gur féidir ár lorg carbóin a laghdú ar fud ár n-oibríochtaí campais agus na bhforbairtí go léir atá beartaithe againn; ár dtimpeallacht ar líne, agus trínár gcleachtais taistil. Geallaimid ceannaireacht agus acmhainní a sholáthar le bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2040[26]. Déanfaimid é seo trí réimse gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- an chaoi ina n-úsáidimid an timpeallacht champais faoi láthair a bharrfheabhsú
- prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus an tsoláthair inbhuanaithe a chleachtadh
- foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhiosrú
- ídiú fuinnimh an champais a laghdú, uisce a chaomhnú, dramhaíl a laghdú
- aghaidh a thabhairt ar chaillteanas bithéagsúlachta inár dtimpeallacht nádúrtha
- taisteal a íoslaghdú agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn

Ag obair go dlúth le ceannairí acadúla, taighdeoirí, agus seirbhísí gairmiúla laistigh den Ollscoil, cloífimid le agus beidh ár ngníomhaíochtaí ag teacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip[27], le Plean Gníomhaíochta na hÉireann ar son na hAeráide[28] agus le Straitéis don Gheilleagar Ciorclach[29]. Ina theannta sin, oibreoidh an Ollscoil i gcomhar lenár n-éiceachóras níos leithne de phobail áitiúla, gnólachtaí agus comhpháirtithe chun eolas, tuiscint a chur chun cinn, agus a tionchar a leathnú chun aistriú atá freagrach go sóisialta agus go heacnamaíoch a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar bhriseadh bithéagsúlachta agus chun neodracht aeráide a bhaint amach le chéile.

24 Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann (rochtain is déanaí ar an 13 Feabhra 2022)
25 Dara Plean Straitéiseach Horizon Europe 2025-2027 (rochtain is déanaí ar an 13 Feabhra 2022)
26 Scóip 1 agus 2 den Phrótacal Gás Ceaptha Teasa d'Astaíochtaí Carbóin
27 An Coimisiún Eorpach – Comhaontú Glas (rochtain is déanaí ar an 11 Márta 2022)
28 Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (rochtain is déanaí ar an 11 Márta 2022)
29 Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022-2023 (rochtain is déanaí ar an 13 Feabhra 2022)



Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do réitigh nuálacha a fhorbairt, trí thaighde gnímh, ar athrú aeráide trí theicneolaíochtaí glasa ar bhealach a bhaineann leas as ár mbonneagar fisiceach agus digiteach mar Shaotharlann Bheo chun inbhuanaitheacht a neadú inár dtimpeallacht foghlama agus oibre laethúil. Agus sin ag baint leas as cur chuige atá dírithe ar an duine chun réitigh dhigiteacha SMART[30] a chur i bhfeidhm, cruthóimid faisnéis bunaithe ar shonraí trí thomhas, monatóireacht agus tuairisciú dinimiciúil chun tacú linn ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Trí nascacht dhigiteach níos fearr[31] forbróimid éiceachóras eolais ina mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ónár bpobal mac léinn, oideachasóirí agus taighdeoirí chun bonn eolais a chur faoi na bearta pleanála agus oiriúnaithe[32] atá riachtanach ar fud ár dtimpeallachtaí campais mar fhreagra ar dhúshláin aeráide phráinneacha trí shaoránacht fhreagrach ghníomhach.

## c) TOGHA NA SLÁINTE, FOLLÁINE ⁊ POBAL

| Sprioc Fócais | Sprioc Tacaíochta |
|---|---|
| SFI NA 3 Togha na Sláinte agus na Folláine | SFI NA 11 Cathracha ⁊ Pobail Inbhuanaithe |
| Saol sláintiúil a chinntiú agus folláine a chur chun cinn do gach duine ag gach aois. | Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe. |

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do shláinte agus folláine ár bpobal Ollscoile agus an tsochaí i gcoitinne a chosaint agus a fheabhsú trí dhaoine a chumasú barr a gcumais a bhaint amach. Leagtar amach i gCairt Okanagan 2015[33] ról agus freagracht an Ardoideachais i gcur chun cinn na Sláinte maidir le hidirspleáchas sláinte an duine agus folláine an phláinéid. Mar shínitheoir leis an gCairt um Champas Sláintiúil Ardoideachais na hÉireann[34], táimid tiomanta do 'chur chuige an champais iomláin a ghlacadh chugainn féin chun timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú' chun sláinte agus folláine a chinntiú laistigh dár bpobal. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair ar fud na hOllscoile trí líonra daoine atá oscailte, cuimsitheach agus rannpháirteach chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Sláintiúil de chuid OT Baile Átha Cliath. Ag obair i ndlúthchomhar le taighdeoirí OT Baile Átha Cliath forbróimid polasaithe agus cleachtais dár ngníomhartha tosaíochta lena n-áirítear gníomhaíocht choirp, tobac agus meabhairshláinte.

Agus í ina láthair foghlama agus oibre do bhreis agus 35,000 duine ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath, aithníonn agus tacaíonn OT Baile Átha Cliath leis an tuiscint go bhfuil dlúthbhaint idir Sláinte ⁊ Folláine agus Cathracha ⁊ Pobail a chruthú atá níos Inbhuanaithe agus níos fearr le bheith i do chónaí iontu. Ar mhaithe lenár ngealltanas astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 3[35] a laghdú, cuirfidh OT Baile Átha Cliath lena rannpháirtíocht agus le líon a tionscnamh taighde gníomhaíochta chun Taisteal Gníomhach agus Taisteal Níos Cliste[36] a chur chun cinn trí bheith i bhfách le agus feasacht a chothú le daoine a spreagadh chun níos mó siúil agus rothaíochta a dhéanamh agus iompar poiblí a usáid níos minice. É seo uile a dhéanamh ar bhealach a chinntíonn go bhfuil rochtain shábháilte agus chomhionann ag daoine faoi mhíchumas chomh

30 Is acrainm é SMART ar Féinmhonatóireacht, Anailís agus Teicneolaíocht Tuairiscithe – Research Gate (rochtain is déanaí ar an 28 Márta 2022)
31 Leas a bhaint as Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann (rochtain is déanaí ar an 11 Márta 2022)
32 IPCC – Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht (rochtain is déanaí ar an 11 Márta 2022)
33 Cairt Okanagan
34 Athbhreithniú Dul Chun Cinn ar an bPlean Rochtana Náisiúnta
35 Scóip 3 den Phrótacal Gás Ceaptha Teasa d'Astaíochtaí Carbóin
36 An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Taisteal Níos Cliste go dtí Do Champas



# 7. Rialachas

## 7.1. Comhlacht Rialaithe

maith le dea-shláinte a chur chun cinn, tionchar carbóin a laghdú, agus cultúr pobail a chruthú le haghaidh iompair inbhuanaithe.

### Cúlra Reachtaíochta

Tá Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 ("Acht OT"), mar bhonn agus mar thaca ag bunú ollscoileanna teicneolaíochta agus síníodh ina dhlí é an 19 Márta 2018. Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) le hOrdú ón Aire faoi Alt 36 den Acht OT (Uimhir 3 de 2018), agus faoin Ionstraim Reachtúil, (Uimhir 437 de 2018), ar an lá ceaptha den 1 Eanáir 2019. Le hAcht an ÚAO 2022 ("Acht ÚAO"), a cuireadh tús leis ar an 10 Samhain 2022, leasaíodh roinnt forálacha den Acht OT. Faoin Acht OT ceanglaítear ar an Ollscoil Comhlacht Rialaithe a bheith aici chun feidhmeanna na hOllscoile a chomhlíonadh. Is é an Comhlacht Rialaithe, mar sin, an t-údarás a bhunaítear le dlí chun an Ollscoil a rialú. Tá feidhmeanna an Chomhlachta Rialaithe leagtha amach faoi Alt 11 den Acht OT. Ní mór don Chomhlacht Rialaithe feidhmiú de réir Sceideal 1 den Acht OT. Roimh na leasuithe a tugadh isteach le hAcht an ÚAO, foráladh leis an Acht OT go mbeadh idir 14 agus 22 chomhalta i gcomhaltas iomlán an Chomhlachta Rialaithe, a mbeadh ar a laghad 3 ach gan níos mó ná 8 acu ina gcomhaltaí seachtracha le bheith ainmnithe ag Coiste de chuid an Chomhlachta Rialaithe. Leasaigh Acht an ÚAO Alt 12 den Acht OT chun foráil a dhéanamh go mbeadh 19 gcomhalta ar an gComhlacht Rialaithe le hoibleagáid orthu go mbeadh an Comhlacht Rialaithe athbhunaithe i bhfeidhm tráth nach déanaí ná an 9 Samhain 2023. Comhlíonann comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe príomhróil i ndáil le le treo, straitéis, agus rialachas corparáideach na hOllscoile. Glacann na comhaltaí freagracht chomhchoiteann as inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile, ag obair le Cathaoirleach an Chomhlachta Rialaithe, an tUachtarán agus Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile chun a chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a fhorbairt de réir paraiméadair dhlíthiúla agus bheartais agus chaighdeáin inghlactha na hOllscoile.

### Ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe

Ní rachaidh téarma oifige comhalta den Chomhlacht Rialaithe, (seachas an tUachtarán) thar 4 bliana agus ní fhéadfaidh comhalta den sórt sin níos mó ná 2 théarma oifige as a chéile a dhéanamh. Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021, ceapadh roinnt comhaltaí chuig an Comhlacht Rialaithe agus chuaigh siad ar scor ar na dátaí a aibhsíodh thíos. Tháinig an Comhlacht Rialaithe le chéile ar ocht n-ócáid le linn na bliana.

### Coistí an Chomhlachta Rialaithe

Chun cabhrú lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, tá cúig Choiste bunaithe ag an gComhlacht Rialaithe; Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, Coiste Airgeadais agus Maoine, Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe, Coiste Ainmniúchán agus Coiste Ainmniúchán agus Próiseas. Tá an tUachtarán ina chomhalta ex-officio de gach Coiste cé is moite de Choiste Iniúchta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe agus den Choiste Ainmniúchán.

## Comhlíonadh Chód Rialachais OT Baile Átha Cliath

Tá córas láidir rialachais ríthábhachtach chun cur ar chumas na hOllscoile oibriú go héifeachtach agus don Chomhlacht Rialaithe a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le trédhearcacht agus cuntasacht.

Tá Cód Rialachais i bhfeidhm ag an Ollscoil, agus é dréachtaithe ag glacadh le Cód bunaidh 2016 an Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit mar phointe tosaigh agus oiriúnaithe lena thabhairt é i gcomhréir leis an Acht OT. Is doiciméad beo é seo a dhéanfaidh éabhlóid thar am de réir dea-chleachtais agus athruithe reachtaíochta. Foilsíodh an leagan nuashonraithe is déanaí i mí an Mhárta 2021 ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. Tá an Comhlacht Rialaithe freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus cúrsaí airgeadais a fhaomhadh is tuairim a thabhairt an é go measann siad go bhfuil na ráitis airgeadais fíor agus léargas cothrom tugtha ar fheidhmíocht airgeadais OT Baile Átha Cliath agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana. Tá an Comhlacht Rialaithe freagrach as a chinntiú go ndéantar nochtadh tráthúil cruinn don Aire ar gach ábhar ábhartha a bhaineann le OT Baile Átha Cliath lena n-áirítear an comhthéacs gnó, feidhmíocht airgeadais agus staid agus rialachas OT Baile Átha Cliath.

Tá na míreanna comhlíonta seo a leanas ón gCód Rialachais go háirithe tábhacht:

i. i. Shínigh Cathaoirleach an Chomhlachta Rialaithe agus Uachtarán OT Baile Átha Cliath Comhaontú Maoirseachta leis an ÚAO ag leagan amach creatlach rialachais agus cuntasachta leathan agus príomhchúraimí atá mar bhunús leis an gcaidreamh idir an ÚAO agus an Ollscoil; tá an reachtaíocht ábhartha, ciorcláin Rialtais (nuair is infheidhme), an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 mar atá cuimsithe ag an gCód Rialachais, reachtanna, cairteacha, airteagail agus ionstraimí rialachais, go háirithe iad siúd a bhunaíonn an ÚAO agus an Ollscoil mar bhonn agus mar thaca aige seo.

ii. Cheadaigh an Comhlacht Rialaithe cláir bhliantúla agus buiséid na hOllscoile lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid.

iii. Déantar athbhreithniú inmheánach ar éifeachtacht an Chomhlachta Rialaithe gach bliain. Déantar meastóireacht sheachtrach uair amháin ar a laghad gach ceithre bliana.

iv. Tagann an Comhlacht Rialaithe le chéile rialta go leor chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus tá sceideal ábhar atá forchoimeádta go sonrach dó le cinneadh a dhéanamh air. Tháinig an Comhlacht Rialaithe le chéile ocht n-uaire le linn na tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2022.

v. Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021, tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ocht n-uaire.

vi. Foilsíonn an Ollscoil a tuarascáil bhliantúil agus a ráitis airgeadais laistigh de mhí amháin tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais

vii. Tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanann an Comhlacht Rialaithe measúnú ar phríomhrioscaí na hOllscoile, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair is cuí agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara.

viii. Leanann OT Baile Átha Cliath ag cloí le gach gné ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.



## Ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe 2022

| | BALL AN CHOMHLACHTA RIALAITHE | CATAGÓIR | DÁTA CEAPTHA |
|---|---|---|---|
| 1 | David FitzPatrick | Uachtarán | 1 Eanáir 2019 |
| 2 | Michael Carr | Ball Foirne | 15 Eanáir 2019 |
| 3 | Valerie Bistany | Ball Seachtrach | 1 Iúil 2019 |
| 4 | Evelyn Carroll | Ball Seachtrach | |
| 5 | Éilish Finan (Deputy Chair) [37] | Ball Seachtrach | |
| 6 | Jerry Grant | Ball Seachtrach | |
| 7 | Charles Larkin (Deputy Chair)[38] | Ball Seachtrach | |
| 8 | Justin McCarthy[39] | Ball Seachtrach | |
| 9 | Aileen O'Toole | Ball Seachtrach | |
| 10 | Pamela Kelly | Ball Foirne | |
| 11 | Susan O'Shaughnessy | Ball Foirne | |
| 12 | David Carson (Chair)[40] | Ball Seachtrach | 1 Eanáir 2021 |
| 13 | Christy Duffy | Ball Seachtrach | 3 Feabhra 2021 |
| 14 | Norah Burns | Ball Seachtrach | 23 Meitheamh 2021 |
| 15 | Catherine Clune Mulvaney | Ball Seachtrach | 23 Meitheamh 2021 |
| 16 | Conor O'Donovan | Ball Seachtrach | 23 Meitheamh 2021 |
| 17 | Eamon Maher | Ball Foirne | 1 Iúil 2021 |
| 18 | Maggie Ryan | Ball Foirne | 1 Iúil 2021 |
| 19 | Mark O'Donnell[41] | Mac Léinn | 1 Iúil 2021 |
| 20 | Lesley Barrett[42] | Mac Léinn | 1 Iúil 2021 |
| 21 | Stephen Sheridan[43] | Mac Léinn | 9 Nollaig 2021 |
| 22 | Margaret Cullen[44] | Ball Seachtrach | 23 Márta 2022 |
| 23 | Brian Jordan | Mac Léinn | 1 Iúil 2022 |

37 D'éirigh Éilish Finan (Leaschathaoirleach) as an gComhlacht Rialaithe ar an 30 Meitheamh 2022
38 Ceapadh Charles Larkin mar Leaschathaoirleach ar an 24 Lúnasa 2022
39 D'éirigh Justin McCarthy as an gComhlacht Rialaithe ar an 6 Nollaig 2022
40 D'éirigh David Carson (Cathaoirleach) as an gComhlacht Rialaithe ar an 9 Nollaig 2022
41 Chríochnaigh Mark O'Donnell a théarma oifige ar an 30 Meitheamh 2022
42 Chríochnaigh Lesley Barrett a téarma oifige ar an 30 Meitheamh 2022
43 Chríochnaigh Stephen Sheridan a théarma oifige ar an 30 Meitheamh 2022
44 D'éirigh Margaret Cullen as an gComhlacht Rialaithe ar an 16 June 2022

## 7.2. An Chomhairle Acadúil

| | BALL NA COMHAIRLE ACADÚLA | CATAGÓIR |
|---|---|---|
| 1 | FitzPatrick David (Chair) | Uachtarán |
| 2 | Meaney Mary | Cláraitheoir |
| 3 | Harvey Assumpta | Acadóir |
| 4 | Bowe Brian | Acadóir |
| 5 | Brennan Bairbre | Acadóir |
| 6 | Cafolla Antonio | Acadóir |
| 7 | Carroll Kenneth | Acadóir |
| 8 | Clarke Adam | Mac léinn (tosaíodh téarma oifige ar an 1 Meán Fómhair 2022) |
| 9 | Curry James | Mac léinn (tosaíodh téarma oifige ar an 1 Meán Fómhair 2022) |
| 10 | Daly Luke | Mac léinn (téarma oifige críochnaithe ar an 30 Meitheamh 2022) |
| 11 | Daly Saoirse | Mac léinn (tosaíodh téarma oifige ar an 1 Meán Fómhair 2022) |
| 12 | Darby Fionnuala | Acadóir |
| 13 | Dillane Dominic | Acadóir |
| 14 | English Ray | Acadóir |
| 15 | Ennis Patricia | Acadóir (Ar scor Meán Fómhair 2022) |
| 16 | Farrell Jennifer | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 17 | Farrelly Gerard | Acadóir |
| 18 | Farrelly Seán | Mac Léinn (téarma oifige críochnaithe ar an 30 Meitheamh 2022) |
| 19 | Feeney Sharon | Acadóir |
| 20 | Gleeson Bridget | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 21 | Gormley Brian | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 22 | Grennan Anthony | Acadóir |
| 23 | Healy Sylvia | Acadóir |
| 24 | Heffernan Elizabeth | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 25 | Jamaa Hamza | Mac léinn (téarma oifige críochnaithe Aibreán 2022) |
| 26 | Jennings Brendan | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 27 | Jordan Brian | Mac léinn (tosaíodh téarma oifige ar an 1 Meán Fómhair 2022) |
| 28 | Killion Siobhán | Acadóir |
| 29 | Lane Sinéad | Mac léinn (téarma oifige críochnaithe Aibreán 2022) |
| 30 | Maguire Maev | Acadóir |
| 31 | McGrath Fabian | Acadóir |
| 32 | McGrath Mark | Acadóir |
| 33 | McKiernan Tara | Acadóir |
| 34 | Moran Fintan | Acadóir |
| 35 | Mulvey Tom | Acadóir |
| 36 | Murphy Brian | Acadóir |
| 37 | Murray Brian | Acadóir |
| 38 | Norton Susan | Acadóir |
| 39 | O' Donnell Mark | Mac léinn (téarma oifige críochnaithe ar an 30 Meitheamh 2022) |
| 40 | O'Reilly Isobel | Acadóir |
| 41 | Owende Philip | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 42 | Perez Jessica | Mac léinn (tosaíodh téarma oifige ar an 1 Meán Fómhair 2022) |
| 43 | Rooney Tara | Acadóir |
| 44 | Scally Mary | Ionadaí Mac Léinn |
| 45 | Sheridan Stephen | Mac léinn (téarma oifige críochnaithe ar an 30 Meitheamh 2022) |
| 46 | Stone Thomas | Seirbhísí Bainistíochta Gairmiúla agus Tacaíochta |
| 47 | Walsh Maureen | Acadóir |

## 7.3. Ráitis Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| 24 | Louise Kavanagh | Mac Léinn | 1 Iúil 2022 |
| 25 | Jessica Perez | Mac Léinn | 1 Iúil 2022 |

D'ullmhaigh an Ollscoil a sraith iomlán de Ráitis Airgeadais Iniúchóireachta don dá mhí dhéag go dtí an 31 Lúnasa 2021. Léirigh na Ráitis Airgeadais seo seasamh Glansócmhainní don Ollscoil de €578.4 milliún. Sa tréimhse sin, thaifead an Ollscoil barrachas €2.5m ar ioncam iomlán de €327.6 milliún.

Tá na ráitis airgeadais iomlána ar fáil ar shuíomh gréasáin OT Baile Átha Cliath.




R: strategy@tudublin.ie
SG: tudublin.ie